Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0353(NLE)**

**14181/23**
**ADD 1**

**LIMITE**

**COMAR 40**
**JUR 620**
**COJUR 50**
**ENV 1118**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 580 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le doiciméad COM(2023) 580 final.

---

Faoi iamh: IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le doiciméad COM(2023) 580 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 12.10.2023
COM(2023) 580 final

ANNEXES 1 to 3

**IARSCRÍBHINNÍ**

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta**

# Iarscríbhinn 1

## Téacs Chomhaontú BBNJ

PUBLIC

Na Náisiúin
Aontaithe

A/CONF.232/2023/4

# An Comhthionól Ginearálta

Dáileachán: Ginearálta
19 Meitheamh 2023

Bunleagan: Béarla

PUBLIC

**Comhdháil idir-rialtasach ar ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta**
**Suí eile arís den chúigiú seisiún**
Nua-Eabhrac, an 19 agus an 20 Meitheamh 2023

## Comhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta

PUBLIC

# BROLLACH

*Tá na Páirtithe sa Chomhaontú seo*,

*Ag meabhrú dóibh* forálacha ábhartha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982, lena n-áirítear an oibleagáid an mhuirthimpeallacht a chosaint agus a chaomhnú,

*Agus béim á leagan acu* ar an ngá an chothromaíocht idir cearta, oibleagáidí agus leasanna a leagtar amach sa Choinbhinsiún a urramú,

*Ag aithint dóibh* gur gá aghaidh a thabhairt, ar bhealach comhleanúnach agus comhoibritheach, ar chaillteanas na bithéagsúlachta agus ar dhíghrádú éiceachórais an aigéin, mar gheall, go háirithe, ar thionchair an athraithe aeráide ar éiceachórais mhuirí, amhail téamh agus dí-ocsaiginiú na n-aigéan, chomh maith le haigéadú na n-aigéan, truailliú, lena n-áirítear truailliú plaisteach, agus úsáid neamh-inbhuanaithe,

*Ós feasach dóibh* gur gá don chóras domhanda cuimsitheach faoin gCoinbhinsiún aghaidh a thabhairt, ar bhealach níos fearr, ar chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta,

*Ag aithint dóibh* a thábhachtaí atá sé rannchuidiú le hord eacnamaíoch idirnáisiúnta cóir cothromasach a réadú ina gcuirtear leasanna agus riachtanais an chine dhaonna ina iomláine san áireamh agus, go háirithe, leasanna agus riachtanais speisialta Stát i mbéal forbartha, bíodh gur Stáit chósta nó thalamhiata iad,

*Ag aithint dóibh freisin* gur eilimint fhíor-riachtanach í an tacaíocht do Pháirtithe is Stáit i mbéal forbartha trí fhothú acmhainneachta agus trí theicneolaíocht mhuirí a fhorbairt agus a aistriú chun na cuspóirí maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a bhaint amach,

*Ag meabhrú dóibh* Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach,

*Ag dearbhú dóibh* nach bhforléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a laghdaíonn nó a mhúchann cearta atá ann cheana féin de chuid na bPobal Dúchasach, lena n-áirítear mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, nó, de réir mar is iomchuí, cearta atá ann cheana de chuid na bpobal áitiúil,

*Ag aithint dóibh* an oibleagáid a leagtar amach sa Choinbhinsiún measúnú a dhéanamh, a mhéid is indéanta, ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí faoi dhlínse nó rialú Stáit ar an muirthimpeallacht nuair atá foras réasúnta ag an Stát lena chreidiúint go bhféadfadh gníomhaíochtaí den sórt sin a bheith ina gcúis le truailliú substaintiúil sa mhuirthimpeallacht nó le hathruithe móra díobhálacha ar an muirthimpeallacht,

*Agus aird á tabhairt acu* ar an oibleagáid a leagtar amach sa Choinbhinsiún gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú nach leathfaidh truailliú a eascraíonn as teagmhais nó gníomhaíochtaí thar na limistéir ina bhfeidhmítear cearta ceannasacha i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún,

*Ós mian leo* gníomhú mar chosantóirí an aigéin i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta thar ceann na nglún atá ann faoi láthair agus na nglún atá le teacht tríd an muirthimpeallacht a chosaint, féachaint ina diaidh agus úsáid fhreagrach di a áirithiú, trí shláine éiceachórais na n-aigéan a chaomhnú agus trí bhunluach na bithéagsúlachta i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a chaomhnú,

*Ag glacadh leis* go gcuireann giniúint, rochtain agus úsáid faisnéise faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, mar aon le comhroinnt chóir agus chothromasach na dtairbhí a eascraíonn as úsáid na faisnéise sin, le taighde agus le nuálaíocht agus le cuspóir ginearálta an Chomhaontaithe seo,

*Agus urraim á tabhairt acu* do cheannasacht, iomláine chríochach agus neamhspleáchas polaitiúil na Stát uile,

*Ag meabhrú dóibh* go bhfuil stádas dlíthiúil neamhpháirtithe sa Choinbhinsiún nó in aon chomhaontú gaolmhar eile faoi rialú ag rialacha dhlí na gconarthaí,

*Ag meabhrú dóibh freisin*, mar a leagtar amach sa Choinbhinsiún, gurb iad na Stáit atá freagrach as comhlíonadh a n-oibleagáidí idirnáisiúnta a bhaineann le cosaint agus caomhnú na muirthimpeallachta agus go bhféadfaidís a bheith faoi dhliteanas ina leith i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta,

*Tiomanta* d'fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach,

*Ag tnúth* le rannpháirtíocht uilíoch a bhaint amach,

*Tar éis comhaontú* mar a leanas:

# CUID I
# FORÁLACHA GINEARÁLTA

## Airteagal 1
## Úsáid na dtéarmaí

Chun críocha an Chomhaontaithe seo:

1. Ciallaíonn 'uirlis bhainistíochta limistéarbhunaithe' uirlis, lena n-áirítear limistéar muirí faoi chosaint, le haghaidh limistéar geografach sainithe trína ndéantar earnáil nó gníomhaíocht amháin nó níos mó a bhainistiú chun cuspóirí caomhnaithe agus úsáide inbhuanaithe ar leith a bhaint amach i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

2. Ciallaíonn 'limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta' an mhórmhuir agus an Limistéar.

3. Ciallaíonn 'bith-theicneolaíocht' aon fheidhmiú teicneolaíochta ina n-úsáidtear córais bhitheolaíocha, orgánaigh bheo, nó díorthaigh díobh sin, chun táirgí nó próisis a dhéanamh nó a mhodhnú ar mhaithe le húsáid shonrach.

4. Ciallaíonn 'bailiú in situ', i ndáil le hacmhainní géiniteacha muirí, acmhainní géiniteacha muirí a bhailiú nó sampláil a dhéanamh orthu i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.

5. ciallaíonn 'an Coinbhinsiún' Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982.

6. Ciallaíonn 'tionchair charnacha' méid iomlán na dtionchar incriminteach a eascraíonn as gníomhaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear gníomhaíochtaí san am atá caite a rabhthas ar an eolas fúthu, gníomhaíochtaí san am i láthair a bhfuiltear ar an eolas fúthu agus gníomhaíochtaí atá measartha intuartha, nó as gníomhaíochtaí comhchosúla a dhéanamh arís agus arís eile le himeacht ama, agus iarmhairtí an athraithe aeráide, aigéadú na n-aigéan agus na dtionchar gaolmhar.

7. Ciallaíonn 'measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol' próiseas chun na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíocht a shainaithint agus a mheas chun eolas a dhéanamh don chinnteoireacht.

8. Ciallaíonn ‘acmhainní géiniteacha muirí’ aon ábhar de thionscnamh plandaí muirí, de thionscnamh ainmhithe muirí, de thionscnamh miocróbach muirí nó de thionscnamh eile ina bhfuil aonaid oidhreachtúlachta fheidhmiúla a bhfuil luach iarbhír nó féideartha orthu.

9. Ciallaíonn ‘limistéar muirí faoi chosaint’ limistéar muirí geografach sainithe atá ainmnithe agus a bhainistítear chun cuspóirí sonracha fadtéarmacha maidir le caomhnú na bithéagsúlachta a bhaint amach agus inar féidir, i gcás inarb iomchuí, úsáid inbhuanaithe a dhéanamh ar choinníoll go bhfuil sí i gcomhréir leis na cuspóirí caomhnaithe.

10. Áirítear le ‘teicneolaíocht mhuirí’, inter alia, faisnéis agus sonraí, arna soláthar i bhformáid sholáimhsithe, faoi eolaíochtaí muirí agus oibríochtaí agus seirbhísí muirí gaolmhara; lámhleabhair, treoirlínte, critéir, caighdeáin agus ábhair thagartha; trealamh samplála agus modheolaíochta; saoráidí agus trealamh breathnóireachta chun breathnóireacht, anailís agus tástáil a dhéanamh in situ agus sa tsaotharlann; ríomhaire agus bogearraí ríomhaireachta, lena n-áirítear samhlacha agus teicnící samhaltaithe; bith-theicneolaíocht ghaolmhar; agus saineolas, eolas, scileanna, fios gnó teicniúil, eolaíoch agus dlíthiúil agus modhanna anailíse a bhaineann le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí.

11. Ciallaíonn ‘Páirtí’ Stát nó eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta a thoiligh a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú seo agus a bhfuil an Comhaontú seo i bhfeidhm maidir leis nó léi.

12. Ciallaíonn ‘eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta’ eagraíocht arb éard atá inti Stáit cheannasacha de chuid réigiún áirithe a bhfuil inniúlacht aistrithe ag a Ballstáit chuici i leith ábhair a rialaítear leis an gComhaontú seo agus atá údaraithe go cuí, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha, chun an Comhaontú seo a shíniú, a dhaingniú nó a fhormheas, nó glacadh leis nó aontú dó.

13. Ciallaíonn ‘úsáid inbhuanaithe’ gnéithe den bhithéagsúlacht a úsáid ar bhealach agus ar ráta nach n-eascróidh meath fadtéarmach ar an mbithéagsúlacht as, agus ar an mbealach sin, a hacmhainneacht a chaomhnú chun freastal ar riachtanais agus mianta na nglún atá ann faoi láthair agus na nglún atá le teacht.

14. ciallaíonn ‘acmhainní géiniteacha muirí a úsáid’ taighde agus forbairt a dhéanamh ar chomhdhéanamh géiniteach agus/nó bithcheimiceach acmhainní géiniteacha muirí, lena n-áirítear iad a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an mbith-theicneolaíocht mar a shainmhínítear i mír 3 thuas.

## Airteagal 2
## Cuspóir ginearálta

Is é cuspóir an Chomhaontaithe seo caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a áirithiú, san am i láthair agus san fhadtéarma, trí fhorálacha ábhartha an Choinbhinsiúin a chur chun feidhme go héifeachtach agus trí chomhar agus comhordú idirnáisiúnta breise.

## Airteagal 3
## Raon feidhme

Tá feidhm ag an gComhaontú seo maidir le limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.

PUBLIC

## Airteagal 4
## Eisceachtaí

Níl feidhm ag an gComhaontú seo maidir le haon long chogaidh, aerárthach míleata ná long chúntach chabhlaigh. Cé is moite de Chuid II, níl feidhm ag an gComhaontú seo maidir le soithigh ná aerárthaí eile atá faoi úinéireacht nó á n-oibriú ag Páirtí agus nach n-úsáidtear, faoi láthair, ach amháin ar sheirbhís neamhthráchtála rialtais. Mar sin féin, áiritheoidh gach Páirtí, trí bhearta iomchuí a ghlacadh nach ndéanfaidh dochar d'oibríochtaí ná d'acmhainneacht oibríochtúil na soitheach ná na n-aerárthach sin atá faoi úinéireacht nó á n-oibriú aige, go ngníomhóidh soithí nó aerárthaí den sórt sin ar bhealach atá i gcomhréir leis an gComhaontú seo, a mhéid is réasúnta agus is indéanta.

## Airteagal 5
## An gaol idir an Comhaontú seo agus an Coinbhinsiún agus ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála

1. Déanfar an Comhaontú seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an Choinbhinsiúin agus ar bhealach atá i gcomhréir leis. Ní dhéanfaidh aon ní sa Chomhaontú seo dochar do chearta, dlínse ná dualgais Stát faoin gCoinbhinsiún, lena n-áirítear na cearta i leith an limistéir eacnamaíoch eisiach agus na scairbhe ilchríochaí laistigh agus lasmuigh de 200 muirmhíle.

2. Déanfar an Comhaontú seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm ar bhealach nach ndéanfar dochar d'ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála agus lena gcuirfear comhleanúnachas agus comhordú leis na hionstraimí, na creataí agus na comhlachtaí sin chun cinn.

3. Ní dhéanann an Comhaontú seo difear do stádas dlíthiúil neamhpháirtithe sa Choinbhinsiúin ná d'aon chomhaontú gaolmhar eile maidir leis na hionstraimí sin.

## Airteagal 6
## Gan dochar

Beidh an Comhaontú seo, lena n-áirítear aon chinneadh nó moladh ó Chomhdháil na bPáirtithe nó ó aon cheann dá fochomhlachtaí, agus aon ghníomh, beart nó gníomhaíocht a dhéanfar ar an mbonn sin, gan dochar do cheannasacht, cearta ceannasacha ná dlínse, agus ní bhraithfear ar an méid sin mar údar chun aon éileamh orthu a dhéanamh ná diúltú d'éileamh den sórt sin, lena n-áirítear i leith aon díospóid a bhaineann leo.

## Airteagal 7
## Prionsabail ghinearálta agus cineálacha ginearálta cur chuige

Chun cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach, beidh na Páirtithe faoi threoir na bprionsabal agus na gcineál cur chuige seo a leanas:

(a) An prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as;

(b) Prionsabal oidhreacht chomhchoiteann an chine dhaonna a leagtar amach sa Choinbhinsiún;

(c) Saoirse an taighde eolaíoch muirí, mar aon le saoirsí eile na mórmhara;

(d) Prionsabal an chothromais agus tairbhí a chomhroinnt go cóir agus go cothromasach;

(e) Prionsabal an réamhchúraim nó cur chuige an réamhchúraim, de réir mar is iomchuí;

(f) Cur chuige bunaithe ar éiceachórais;

(g) Cur chuige comhtháite maidir le bainistiú na n-aigéan;

(h) Cur chuige lena gcuirtear le hathléimneacht an éiceachórais, lena n-áirítear maidir le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide agus aigéadú na n-aigéan, agus lena ndéantar sláine an éiceachórais a chaomhnú agus a athbhunú freisin, lena n-áirítear na seirbhísí ar mhaithe leis an timthriall carbóin atá ina mbonn agus ina dtaca faoi ról an aigéin san aeráid;

(i) Úsáid a bhaint as an eolaíocht agus as an bhfaisnéis eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil;

(j) Eolas traidisiúnta ábhartha na bPobal Dúchasach agus áitiúil a úsáid, i gcás ina mbeidh fáil air;

(k) A n-oibleagáidí féin, de réir mar is infheidhme, a bhaineann le cearta na bPobal Dúchasach nó áitiúil, de réir mar is iomchuí, a urramú, a chur chun cinn agus a bhreithniú agus gníomhaíocht á déanamh chun aghaidh a thabhairt ar chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta;

(l) Gan damáiste ná guaiseacha a aistriú, go díreach nó go hindíreach, ó limistéar go chéile agus gan cineál truaillithe a dhéanamh de chineál truaillithe eile agus bearta á ndéanamh chun truailliú na muirthimpeallachta a chosc, a laghdú agus a rialú;

(m) Aitheantas iomlán a thabhairt d'imthosca speisialta na Stát oileánach beag i mbéal forbartha agus na dtíortha is lú forbairt;

(n) Leasanna agus riachtanais speisialta na dtíortha talamhiata i mbéal forbartha a admháil.

## Airteagal 8
## Comhar idirnáisiúnta

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile faoin gComhaontú seo ar mhaithe le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, lena n-áirítear trí chomhar a neartú agus a fheabhsú le hionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála, mar aon le comhar eatarthu a chur chun cinn, agus an méid sin ar mhaithe le cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach.

2. Féachfaidh na Páirtithe le cuspóirí an Chomhaontaithe seo a chur chun cinn, de réir mar is iomchuí, nuair a bheidh siad rannpháirteach i gcinnteoireacht faoi ionstraimí ábhartha dlí eile, creataí ábhartha dlíthiúla eile nó comhlachtaí domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha nó earnála.

3. Cuirfidh na Páirtithe comhar idirnáisiúnta chun cinn i réimse an taighde eolaíoch muirí agus i bhforbairt agus aistriú na teicneolaíochta muirí atá i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún chun tacú le cuspóirí an Chomhaontaithe seo.

PUBLIC

# CUID II
# ACMHAINNÍ GÉINITEACHA MUIRÍ, LENA nÁIRÍTEAR TAIRBHÍ A CHOMHROINNT GO CÓIR AGUS GO COTHROMASACH

PUBLIC

## Airteagal 9
## Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí na Coda seo:

(a) Comhroinnt chóir agus chothromasach tairbhí a eascraíonn as gníomhaíochtaí i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta ar mhaithe le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta;

(b) Cur le hacmhainneacht na bPáirtithe agus í a fhorbairt, go háirithe na Páirtithe is Stáit i mbéal forbartha, go háirithe na tíortha is lú forbairt, tíortha talamhiata i mbéal forbartha, Stáit faoi mhíbhuntáiste geografach, Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, Stáit chósta de chuid na hAfraice, Stáit oileánracha agus tíortha meánioncaim i mbéal forbartha, is é sin an acmhainneacht gníomhaíochtaí a dhéanamh i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta;

(c) Eolas, tuiscint eolaíoch agus nuálaíocht theicneolaíoch a ghiniúint, lena n-áirítear trí thaighde eolaíoch muirí a fhorbairt agus a dhéanamh, mar bhun-rannchuidiú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo;

(d) Teicneolaíocht mhuirí a fhorbairt agus a aistriú i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

## Airteagal 10
## Cur i bhfeidhm

1. Beidh feidhm ag forálacha an Chomhaontaithe seo maidir le gníomhaíochtaí i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a bhaileofar agus a ghinfear tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo i gcás an Pháirtí lena mbaineann. Leathnófar cur i bhfeidhm fhorálacha an Chomhaontaithe seo chun úsáid acmhainní géiniteacha muirí agus faisnéise faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a bailíodh nó a gineadh roimh an teacht i bhfeidhm a chumhdach, mura ndéanann Páirtí eisceacht i scríbhinn faoi Airteagal 70 le linn dó an Comhaontú seo a shíniú, a dhaingniú, a fhormheas nó glacadh leis nó aontú dó.

2. Ní bheidh feidhm ag forálacha na Coda seo maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) Iascaireacht a rialaítear faoin dlí idirnáisiúnta ábhartha agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht; nó

(b) Éisc nó acmhainn bhitheolaíoch eile na mara arb eol gur gabhadh í le linn iascaireachta agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht ó limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, ach amháin i gcás ina ndéantar na héisc nó acmhainn bhitheolaíoch eile na mara sin a rialáil mar úsáid faoin gCuid seo.

3. Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí sa Chuid seo maidir le gníomhaíochtaí míleata Páirtí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí míleata a dhéanann soithí agus aerárthaí rialtais atá i mbun seirbhís neamhthráchtála. Na hoibleagáidí sa Chuid seo i dtaca le húsáid acmhainní géiniteacha muirí agus faisnéise faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, beidh feidhm acu maidir le gníomhaíochtaí neamh-mhíleata Páirtí.

## Airteagal 11
## Gníomhaíochtaí i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta

1. Féadfaidh na Páirtithe uile, is cuma a suíomh geografach, agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha faoi dhlínse na bPáirtithe, gníomhaíochtaí a dhéanamh i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta. Déanfar na gníomhaíochtaí sin i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

2. Cuirfidh na Páirtithe comhar chun cinn i ngach gníomhaíocht i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.

3. Déanfar acmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a bhailiú *in situ* agus aird chuí á tabhairt ar chearta agus leasanna dlisteanacha Stát cósta i limistéir laistigh dá ndlínse náisiúnta agus aird chuí á tabhairt ar leasanna Stát eile i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún. Chuige sin, féachfaidh na Páirtithe le dul i gcomhar le chéile, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear trí mhódúlachtaí sonracha le haghaidh oibriú an Tí Imréitigh a chinntear faoi Airteagal 51, d’fhonn an Comhaontú seo a chur chun feidhme.

4. Ní dhéanfaidh aon Stát ceannasacht ná cearta ceannasacha ar acmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a éileamh ná a fheidhmiú. Ní aithneofar aon éileamh ná feidhmiú ceannasachta ná ceart ceannasach den sórt sin.

5. Ní bheidh bailiú in situ acmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta ina bhunús dlí le haon éileamh ar aon chuid den mhuirthimpeallacht ná ar a cuid acmhainní.

6. Tá gníomhaíochtaí i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta chun leasa na Stát uile agus chun tairbhe an chine dhaonna ar fad, go háirithe ar mhaithe le heolas eolaíoch an chine dhaonna a chur chun cinn agus le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí a chur chun cinn, agus leasanna agus riachtanais na Stát i mbéal forbartha á gcur san áireamh go háirithe.

7. Is chun críoch síochánta amháin a dhéanfar gníomhaíochtaí i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.

PUBLIC

PUBLIC

## Airteagal 12
## Fógra faoi ghníomhaíochtaí i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta

1. Déanfaidh na Páirtithe na bearta reachtacha, riaracháin nó beartais is gá chun a áirithiú go dtabharfar fógra faoi fhaisnéis don Teach Imréitigh i gcomhréir leis an gCuid seo.

2. Tabharfar fógra faoin bhfaisnéis seo a leanas don Teach Imréitigh 6 mhí nó a luaithe is féidir roimh bhailiú in situ acmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta:

(a) Cineál agus cuspóirí an bhailithe, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, aon chlár ar cuid de é;

(b) Ábhar an taighde nó, más eol, na hacmhainní géiniteacha muirí a ndíreofar orthu nó atá le bailiú, agus na críocha ar chucu a bhaileofar na hacmhainní sin;

(c) Na limistéir gheografacha ina ndéanfar an bailiú;

(d) Achoimre ar an modh agus ar na bealaí atá le húsáid le haghaidh an bhailithe, lena n-áirítear ainm, tonnáiste, cineál agus aicme na soithí, an trealamh eolaíoch agus/nó na modhanna staidéir a mbainfear úsáid astu;

(e) Faisnéis maidir le haon rannchuidiú eile le cláir mhóra atá beartaithe;

(f) Na dátaí a mheastar a thiocfaidh na soithí taighde i láthair an chéad uair agus a imeoidh siad go deifnídeach, nó a úsáidfear an trealamh agus a bhainfear é, de réir mar is iomchuí;

(g) Ainm(neacha) an urraitheora nó na n-urraitheoirí agus an duine atá i gceannas ar an tionscadal;

(h) Deiseanna d’eolaithe na Stát uile, go háirithe eolaithe ó Stáit i mbéal forbartha, a bheith páirteach sa tionscadal nó bainteach leis;

(i) Maidir le Stáit a d’fhéadfadh gá a bheith acu le cúnamh teicniúil agus a d’fhéadfadh sin a iarraidh, go háirithe Stáit i mbéal forbartha, a mhéid a mheastar gur cheart dóibh a bheith in ann páirt a ghlacadh sa tionscadal nó ionadaíocht a bheith acu ann;

(j) Plean bainistithe sonraí arna ullmhú de réir rialachas oscailte agus freagrach sonraí, agus an cleachtas idirnáisiúnta atá ann faoi láthair á chur san áireamh.

3. Ar fhógra dá dtagraítear i mír 2 thuas a fháil, ginfidh an Teach Imréitigh aitheantóir baisce caighdeánaithe ‘BBNJ’ (bithéagsúlacht mhuirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta) go huathoibríoch.

4. I gcás ina mbeidh athrú ábhartha ar an bhfaisnéis a soláthraíodh don Teach Imréitigh roimh an mbailiú beartaithe, tabharfar fógra faoin bhfaisnéis a tugadh cothrom le dáta don Teach Imréitigh laistigh de thréimhse réasúnta ama agus tráth nach déanaí ná tús an bhailithe in situ, nuair is indéanta.

5. Áiritheoidh na Páirtithe go dtabharfar fógra faoin bhfaisnéis seo a leanas, mar aon leis an aitheantóir baisce caighdeánaithe 'BBNJ', don Teach Imréitigh a luaithe a bheidh sí ar fáil, ach tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis acmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a bhailiú in situ:

(a) An stór nó an bunachar sonraí ina bhfuil nó ina gcuirfear faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i dtaisce;

(b) An áit ina bhfuil nó ina gcuirfear na hacmhainní géiniteacha muirí uile arna mbailiú in situ i dtaisce, nó an áit ina bhfuil nó ina mbeidh siad á gcoinneáil;

(c) Tuarascáil ina sonraítear an limistéar geografach ónar bailíodh acmhainní géiniteacha muirí, lena n-áirítear faisnéis faoin domhanleithead, domhanfhad agus doimhneacht an bhailithe, agus, a mhéid a bheidh fáil orthu, na torthaí ón ngníomhaíocht a rinneadh;

(d) Aon nuashonrú is gá ar an bplean bainistithe sonraí dá bhforáiltear faoi mhír (2) (j) thuas.

6. Áiritheoidh na Páirtithe gur féidir samplaí d'acmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta atá i stórtha nó i mbunachair sonraí atá faoina ndlínse a shainaithint mar shamplaí a thagann ó limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, i gcomhréir leis an gcleachtas idirnáisiúnta atá ann faoi láthair agus a mhéid is indéanta.

7. Áiritheoidh na Páirtithe go n-ullmhóidh stórtha, a mhéid is indéanta, agus bunachair sonraí faoina ndlínse tuarascáil chomhiomlán, ar bhonn débhliantúil, ar rochtain ar acmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha atá nasctha lena n-aitheantóir baisce caighdeánaithe 'BBNJ', agus go gcuirfidh siad an tuarascáil ar fáil don choiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí a bhunaítear faoi Airteagal 15.

8. I gcás ina n-úsáidfidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha faoi dhlínse na bPáirtithe acmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, agus, i gcás inarb indéanta, faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní den sórt sin, lena n-áirítear iad a thráchtálú, áiritheoidh na Páirtithe go dtabharfar fógra faoin bhfaisnéis seo a leanas, lena n-áirítear an t-aitheantóir baisce caighdeánaithe 'BBNJ', i gcás ina mbeidh fáil air, don Teach Imréitigh a luaithe a bheidh an fhaisnéis sin ar fáil:

(a) An áit inar féidir teacht ar thorthaí na húsáide, amhail foilseacháin, paitinní a deonaíodh, má tá fáil orthu agus a mhéid is féidir, agus táirgí a forbraíodh;

(b) I gcás ina mbeidh fáil orthu, mionsonraí an fhógra iarbhailiúcháin don Teach Imréitigh a bhaineann leis na hacmhainní géiniteacha muirí a úsáideadh;

(c) An áit ina bhfuil an sampla bunaidh a úsáideadh á choinneáil;

(d) Na módúlachtaí atá beartaithe maidir le rochtain ar acmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí atá á n-úsáid, agus plean bainistithe sonraí le haghaidh an mhéid chéanna;

(e) Nuair a bheidh táirgí ábhartha curtha ar an margadh, faisnéis, má tá fáil uirthi, faoina ndíol agus faoi aon fhorbairt bhreise.

PUBLIC

PUBLIC

## Airteagal 13
## Eolas traidisiúnta na bPobal Dúchasach agus áitiúil a bhaineann le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta

Déanfaidh na Páirtithe bearta reachtacha, riaracháin nó beartais, i gcás inarb ábhartha agus de réir mar is iomchuí, chun a áirithiú nach mbeidh rochtain ar eolas traidisiúnta a bhaineann le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta atá ag Pobail Dhúchasacha agus áitiúla ach amháin le toiliú nó formheas saor feasach roimh ré na bPobal Dúchasach agus áitiúil sin agus le rannpháirtíocht na bpobal sin. Féadfaidh an Teach Imréiteach rochtain ar eolas traidisiúnta den sórt sin a éascú. Is ar théarmaí arna gcomhaontú go frithpháirteach a bheidh rochtain ar eolas traidisiúnta den sórt sin agus úsáid an eolais thraidisiúnta sin.

## Airteagal 14
## Tairbhí a chomhroinnt go cóir agus go cothromasach

1. Déanfar na tairbhí a eascraíonn as gníomhaíochtaí i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a chomhroinnt ar bhealach cóir agus cothromasach i gcomhréir leis an gCuid seo agus rannchuideoidh siad le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.

2. Comhroinnfear tairbhí neamhairgeadaíochta i gcomhréir leis an gComhaontú seo, inter alia, sna foirmeacha seo a leanas:

(a) Rochtain ar shamplaí agus ar bhailiúcháin samplaí i gcomhréir leis an gcleachtas idirnáisiúnta atá ann faoi láthair;

(b) Rochtain ar fhaisnéis faoi sheichimh dhigiteacha i gcomhréir leis an gcleachtas idirnáisiúnta atá ann faoi láthair;

(c) Rochtain oscailte ar shonraí eolaíocha inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheacha agus in-athúsáidte (FAIR) i gcomhréir leis an gcleachtas idirnáisiúnta atá ann faoi láthair agus le rialachas oscailte agus freagrach sonraí;

(d) Faisnéis atá sna fógraí, mar aon le haitheantóirí baisce caighdeánaithe ‘BBNJ’, arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 12, i bhfoirmeacha inchuardaithe agus inrochtana go poiblí ;

(e) Teicneolaíocht mhuirí a aistriú i gcomhréir leis na módúlachtaí ábhartha dá bhforáiltear faoi Chuid V den Chomhaontú seo;

(f) Fothú acmhainneachta, lena n-áirítear trí chláir thaighde a mhaoiniú, agus deiseanna comhpháirtíochta, go háirithe cinn atá ábhartha go díreach agus substaintiúil, d’eolaithe agus taighdeoirí i dtionscadail taighde, chomh maith le tionscnaimh thiomnaithe, go háirithe le haghaidh Stáit i mbéal forbartha, agus imthosca speisialta na Stát oileánach beag i mbéal forbartha agus na dtíortha is lú forbairt á gcur san áireamh;

(g) Comhar teicniúil agus eolaíoch méadaithe, go háirithe le heolaithe arb as Stáit i mbéal forbartha iad agus le hinstitiúidí eolaíochta sna tíortha sin;

(h) Cineálacha eile tairbhí arna gcinneadh ag Comhdháil na bPáirtithe, agus moltaí an choiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí a bhunaítear faoi Airteagal 15 á gcur san áireamh.

3. Déanfaidh na Páirtithe na bearta reachtacha, riaracháin nó beartais is gá chun a áirithiú go gcuirfear acmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, mar aon lena n-aitheantóirí baisce caighdeánaithe ‘BBNJ’, arna n-úsáid ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha faoina ndlínse, i stórtha agus i mbunachair sonraí a bhfuil rochtain phoiblí orthu, a choinnítear ar bun ar bhonn náisiúnta nó idirnáisiúnta, tráth nach déanaí ná 3 bliana ó thús na húsáide sin, nó a luaithe a bheidh siad ar fáil, agus an cleachtas idirnáisiúnta atá ann faoi láthair á chur san áireamh.

4. Féadfaidh rochtain ar acmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta sna stórtha agus sna bunachair sonraí atá faoi dhlínse Páirtí a bheith faoi réir coinníollacha réasúnta, mar a leanas:

(a) An gá atá le sláine fhisiceach acmhainní géiniteacha muirí a chaomhnú;

(b) Na costais réasúnta a bhaineann leis an mbanc géinte, an bithbhanc nó an bunachar sonraí ábhartha ina gcoimeádtar an sampla, na sonraí nó an fhaisnéis a choinneáil ar bun;

(c) Na costais réasúnta a bhaineann le rochtain a sholáthar ar an acmhainn ghéiniteach mhuirí, na sonraí nó an fhaisnéis;

(d) Coinníollacha réasúnta eile i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe seo; agus féadfar deiseanna rochtana den sórt sin ar théarmaí córa agus ar na téarmaí is fabhraí, lena n-áirítear ar théarmaí lamháltais agus fabhracha, a sholáthar do thaighdeoirí agus d’institiúidí taighde ó Stáit i mbéal forbartha.

5. Déanfar tairbhí airgeadaíochta a eascróidh as úsáid acmhainní géiniteacha muirí agus faisnéise faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, lena n-áirítear tráchtálú, a chomhroinnt go cóir agus go cothromasach, tríd an sásra airgeadais a bhunaítear faoi Airteagal 52, ar mhaithe le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.

6. Tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, déanfaidh Páirtithe forbartha ranníocaíochtaí bliantúla leis an gciste speisialta dá dtagraítear in airteagal 52. Is éard a bheidh i ráta ranníocaíochta Páirtí 50 % de ranníocaíocht mheasúnaithe an Pháirtí sin leis an mbuiséad arna ghlacadh ag Comhdháil na bPáirtithe faoi airteagal 47, mír 6 (e). Leanfar den íocaíocht sin go dtí go ndéanfaidh Comhdháil na bPáirtithe cinneadh faoi mhír 7 thíos.

7. Déanfaidh Comhdháil na bPáirtithe cinneadh maidir leis na módúlachtaí chun tairbhí airgeadaíochta a eascróidh as úsáid acmhainní géiniteacha muirí agus faisnéise faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a chomhroinnt, agus moltaí an choiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí a bhunaítear faoi Airteagal 15 á gcur san áireamh. I gcás nach n-éireoidh le haon iarracht comhthoil a bhaint amach, glacfar cinneadh trí thromlach trí cheathrú de na Páirtithe a bheidh i láthair agus a chaithfidh vóta. Déanfar na híocaíochtaí trí bhíthin an chiste speisialta a bhunaítear faoi airteagal 52. Féadfar an méid seo a leanas a áireamh sna módúlachtaí:

(a) Íocaíochtaí de réir dul chun cinn;

(b) Íocaíochtaí nó ranníocaíochtaí a bhaineann le táirgí a thráchtálú, lena n-áirítear céatadán den ioncam a eascraíonn as díolachán táirgí a íoc;

(c) Táille chisealaithe, a íoctar ar bhonn tréimhsiúil, bunaithe ar thacar éagsúlaithe táscairí lena dtomhaistear an leibhéal comhiomlán gníomhaíochtaí de réir an Pháirtí;

(d) Cineálacha eile arna gcinneadh ag Comhdháil na bPáirtithe, agus moltaí an choiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí á gcur san áireamh.

8. An tráth a ghlacfaidh Comhdháil na bPáirtithe na módúlachtaí, féadfaidh Páirtí dearbhú a dhéanamh ina luafar nach dtiocfaidh na módúlachtaí sin i bhfeidhm maidir leis an bPáirtí sin ar feadh tréimhse suas le 4 bliana, ionas go mbeidh go leor ama ann chun an cur chun feidhme is gá a dhéanamh. Leanfaidh Páirtí a dhéanfaidh dearbhú den sórt sin den íocaíocht a leagtar amach i mír 6 thuas a dhéanamh go dtí go dtiocfaidh na módúlachtaí nua i bhfeidhm.

9. Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis na módúlachtaí i dtaca le comhroinnt tairbhí airgeadaíochta a eascraíonn as úsáid faisnéise faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta faoi mhír 7 thuas, cuirfidh Comhdháil na bPáirtithe moltaí an choiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí san áireamh, agus é á aithint gur cheart na módúlachtaí sin a bheith ina dtacú go frithpháirteach le hionstraimí eile um rochtain agus comhroinnt tairbhí agus a bheith inoiriúnaithe dóibh.

10. Déanfaidh Comhdháil na bPáirtithe athbhreithniú agus measúnú, ar bhonn débhliantúil, ar na tairbhí airgeadaíochta a bhaineann le húsáid acmhainní géiniteacha muirí agus faisnéise faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, agus moltaí an choiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí a bhunaítear faoi Airteagal 15 á gcur san áireamh. Déanfar an chéad athbhreithniú tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Tabharfar san áireamh san athbhreithniú na ranníocaíochtaí bliantúla dá dtagraítear i mír 6 thuas.

11. Maidir le tairbhí a eascróidh as gníomhaíochtaí i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta arna ndéanamh ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha faoina ndlínse, déanfaidh na Páirtithe na bearta reachtacha, riaracháin nó beartais is gá, de réir mar is iomchuí, chun a áirithiú go gcomhroinnfear na tairbhí sin i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

## Airteagal 15
## An Coiste um Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí

1. Bunaítear leis seo coiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí. Feidhmeoidh sé, inter alia, mar bhealach chun treoirlínte maidir le comhroinnt tairbhí a bhunú, i gcomhréir le hAirteagal 14, lena soláthrófar trédhearcacht agus lena n-áiritheofar comhroinnt chóir agus chothromasach tairbhí airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta araon.

2. Beidh 15 chomhalta ar an gcoiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí a mbeidh cáilíochtaí iomchuí acu i réimsí gaolmhara, chun feidhmiú éifeachtach fheidhmeanna an choiste a áirithiú. Is iad na Páirtithe a dhéanfaidh na comhaltaí a ainmniú agus is í Comhdháil na bPáirtithe a dhéanfaidh iad a thoghadh, agus an chothromaíocht inscne agus an dáileadh geografach cothromasach á gcur san áireamh agus lena ndéanfar foráil maidir le hionadaíocht ar an gcoiste ó Stáit i mbéal forbartha, lena n-áirítear ionadaíocht ó na tíortha is lú forbairt, ó Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha agus ó thíortha talamhiata i mbéal forbartha. Is í Comhdháil na bPáirtithe a chinnfidh na téarmaí tagartha agus na módúlachtaí le haghaidh oibriú an choiste.

3. Féadfaidh an coiste moltaí a chur faoi bhráid Chomhdháil na bPáirtithe maidir le hábhair a bhaineann leis an gCuid seo, lena n-áirítear maidir leis na hábhair seo a leanas:

(a) Treoirlínte nó cód iompair le haghaidh gníomhaíochtaí i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta i gcomhréir leis an gCuid seo;

(b) Bearta chun cinntí arna ndéanamh i gcomhréir leis an gCuid seo a chur chun feidhme;

(c) Rátaí nó sásraí i dtaca le tairbhí airgeadaíochta a chomhroinnt i gcomhréir le hAirteagal 14;

(d) Ábhair a bhaineann leis an gCuid seo i ndáil leis an Teach Imréitigh;

(e) Ábhair a bhaineann leis an gCuid seo i ndáil leis an sásra airgeadais a bhunaítear faoi airteagal 52;

(f) Aon ábhar eile a bhaineann leis an gCuid seo a bhféadfadh Comhdháil na bPáirtithe iarraidh ar an gcoiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí aghaidh a thabhairt air.

4. Cuirfidh gach Páirtí an fhaisnéis a cheanglaítear faoin gComhaontú seo ar fáil don choiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí tríd an Teach Imréitigh, faisnéis a n-áireofar inti an méid seo a leanas:

(a) Bearta reachtacha, riaracháin agus beartais maidir le rochtain agus comhroinnt tairbhí;

(b) Sonraí teagmhála agus faisnéis ábhartha eile faoi phointí fócasacha náisiúnta;

(c) Faisnéis eile is gá de bhun na gcinntí arna ndéanamh ag Comhdháil na bPáirtithe.

5. Féadfaidh an coiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla a cheadú, dul i gcomhairle le comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála agus an malartú faisnéise leo a éascú, maidir le gníomhaíochtaí faoina shainordú, lena n-áirítear comhroinnt tairbhí, úsáid faisnéise faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí, dea-chleachtais, uirlisí agus modheolaíochtaí, rialachas sonraí agus ceachtanna a foghlaimíodh.

6. Féadfaidh an coiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí moltaí a chur faoi bhráid Chomhdháil na bPáirtithe i ndáil le faisnéis a gheofar faoi mhír 5 thuas.

## Airteagal 16
## Faireachán agus trédhearcacht

1. Déanfar faireachán ar ghníomhaíochtaí i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta agus trédhearcacht ina dtaobh a bhaint amach trí fhógra a thabhairt don Teach Imréitigh, trí aitheantóirí baisce caighdeánaithe ‘BBNJ’ a úsáid i gcomhréir leis an gCuid seo agus de réir nósanna imeachta a ghlacfaidh Comhdháil na bPáirtithe arna moladh ag an gcoiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí.

2. Cuirfidh na Páirtithe tuarascálacha faoi bhráid an choiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí ar bhonn tréimhsiúil ar chur chun feidhme na bhforálacha sa Chuid seo maidir le gníomhaíochtaí i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir

PUBLIC

lasmuigh den dlínse náisiúnta agus comhroinnt na dtairbhí a eascraíonn astu, i gcomhréir leis an gCuid seo.

3. Ullmhóidh an coiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí tuarascáil ar bhonn na faisnéise a gheofar tríd an Teach Imréitigh agus cuirfidh sé ar fáil do na Páirtithe í, a fhéadfaidh barúlacha a chur isteach. Cuirfidh an coiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí an tuarascáil, lena n-áirítear na barúlacha a gheofar, faoi bhráid Chomhdháil na bPáirtithe ionas gur féidir léi an méid sin a mheas. Agus an moladh ón gcoiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí á chur san áireamh, féadfaidh Comhdháil na bPáirtithe treoirlínte iomchuí a shocrú maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo, treoirlínte ina gcuirfear cumais náisiúnta agus imthosca na bPáirtithe san áireamh.

PUBLIC

# CUID III
# BEARTA AMHAIL UIRLISÍ BAINISTÍOCHTA LIMISTÉARBHUNAITHE, LENA nÁIRÍTEAR LIMISTÉIR MHUIRÍ FAOI CHOSAINT

## Airteagal 17
## Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí na Coda seo:

(a) Limistéir is gá a chosaint a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, lena n-áirítear trí chóras cuimsitheach uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe a bhunú, méid lena ngabhann líonraí limistéar muirí faoi chosaint atá dea-nasctha agus ionadaíoch ó thaobh na héiceolaíochta de;

(b) Comhar agus comhordú a neartú maidir le húsáid uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, i measc Stát, ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála;

(c) An bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint, a chaomhnú, a athbhunú agus a choinneáil ar bun, lena n-áirítear d'fhonn a dtáirgiúlacht agus a sláinte a fheabhsú, agus a n-athléimneacht in aghaidh strusairí a neartú, lena n-áirítear na strusairí a bhaineann leis an athrú aeráide, aigéadú na n-aigéan agus truailliú muirí;

(d) Tacú leis an tslándáil bia agus le cuspóirí socheacnamaíocha eile, lena n-áirítear luachanna cultúrtha a chosaint;

(e) Tacú leis na Páirtithe is Stáit i mbéal forbartha, go háirithe na tíortha is lú forbairt, tíortha talamhiata i mbéal forbartha, Stáit faoi mhíbhuntáiste geografach, Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, Stáit chósta de chuid na hAfraice, Stáit oileánracha agus tíortha meánioncaim i mbéal forbartha, agus imthosca speisialta na Stát oileánach beag i mbéal forbartha á gcur san áireamh, trí fhothú acmhainneachta agus teicneolaíocht mhuirí a fhorbairt agus a aistriú, chun uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, a fhorbairt, a chur chun feidhme, a bhainistiú agus a fhorfheidhmiú, mar aon le faireachán a dhéanamh orthu.

## Airteagal 18
## Limistéar cur i bhfeidhm

Ní áireofar i mbunú uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, aon limistéar laistigh den dlínse náisiúnta ná ní bhraithfear air mar údar chun aon éileamh ar cheannasacht, cearta ceannasacha ná

dlínse a dhéanamh ná diúltú d'éileamh den sórt sin, lena n-áirítear i leith aon díospóid a bhaineann leis an méid sin. Ní dhéanfaidh Comhdháil na bPáirtithe scrúdú ar thograí chun uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe den sórt sin a bhunú, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, ná ní dhéanfar tograí den sórt sin a léirmhíniú mar aitheantas nó neamhaitheantas aon éilimh ar cheannasacht, cearta ceannasacha ná dlínse i gcás ar bith.

PUBLIC

## Airteagal 19
## Tograí

1. Tograí maidir le bunú uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, faoin gCuid seo, cuirfidh na Páirtithe, ar bhonn indibhidiúil nó i dteannta a chéile, faoi bhráid na rúnaíochta iad.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar, agus rachaidh siad i gcomhairle, de réir mar is iomchuí, le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear Stáit agus comhlachtaí domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála, chomh maith leis an tsochaí shibhialta, an pobal eolaíochta, an earnáil phríobháideach, Pobail Dhúchasacha agus áitiúla, chun tograí a fhorbairt, mar a leagtar amach sa Chuid seo.

3. Déanfar tograí a chur le chéile ar bhonn na heolaíochta agus na faisnéise eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil agus, i gcás ina mbeidh fáil air, eolas traidisiúnta ábhartha na bPobal Dúchasach agus áitiúil, agus cur chuige an réamhchúraim agus cur chuige bunaithe ar éiceachórais á gcur san áireamh.

4. Áireofar i dtograí maidir le limistéir shainaitheanta na príomheilimintí seo a leanas:

(a) Tuairisc gheografach nó spásúil ar an limistéar is ábhar don togra trí thagairt a dhéanamh do na critéir tháscacha a shonraítear in Iarscríbhinn I;

(b) Faisnéis faoi aon cheann de na critéir a shonraítear in Iarscríbhinn I, chomh maith le haon chritéar a d'fhéadfaí a fhorbairt agus a athbhreithniú a thuilleadh i gcomhréir le mír 5 thíos agus a úsáideadh chun an limistéar a shainaithint;

(c) Gníomhaíochtaí daonna sa limistéar, lena n-áirítear úsáidí ag Pobail Dhúchasacha agus áitiúla, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu, más ann dó;

(d) Tuairisc ar staid na muirthimpeallachta agus na bithéagsúlachta sa limistéar sainaitheanta;

(e) Tuairisc ar na cuspóirí caomhnaithe agus, i gcás inarb iomchuí, ar na cuspóirí úsáide inbhuanaithe atá le cur i bhfeidhm maidir leis an limistéar;

(f) Dréachtphlean bainistíochta ina gcuimseofar na bearta atá beartaithe agus ina leagfar amach gníomhaíochtaí faireacháin, taighde agus athbhreithnithe atá beartaithe chun na cuspóirí a sonraíodh a bhaint amach;

(g) Fad an limistéir agus na mbeart atá beartaithe, más ann dóibh;

(h) Faisnéis faoi aon chomhairliúcháin a rinneadh le Stáit, lena n-áirítear Stáit chósta máguaird agus/nó comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála, más ann dóibh;

(i) Faisnéis faoi uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, arna gcur chun feidhme faoi ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála;

(j) Ionchur eolaíoch ábhartha agus, i gcás ina mbeidh fáil air, eolas traidisiúnta na bPobal Dúchasach agus áitiúil.

5. Áireofar i gcritéir tháscacha chun limistéir den sórt sin a shainaithint, de réir mar is ábhartha, na critéir sin a shonraítear in Iarscríbhinn I, critéir a bhféadfaidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil iad a fhorbairt agus a athbhreithniú a thuilleadh de réir mar is gá lena mbreithniú agus lena nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe.

6. Tuilleadh ceanglas maidir le hábhar na dtograí, lena n-áirítear na módúlachtaí chun na critéir tháscacha a shonraítear i mír 5 thuas a chur i bhfeidhm, agus treoir maidir le tograí a shonraítear i mír 4 (b) thuas, déanfaidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil iad a fhorbairt, de réir mar is gá, lena mbreithniú agus lena nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe.

## Airteagal 20
## Poiblíocht na dtograí agus réamh-athbhreithniú orthu

Ar thogra a fháil i scríbhinn, cuirfidh an rúnaíocht ar fáil go poiblí é agus tarchuirfidh sí chuig an gComhlacht Eolaíoch agus Teicniúil é lena réamh-athbhreithniú. Is é cuspóir an athbhreithnithe a fháil amach go bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear faoi airteagal 19 sa togra, lena n-áirítear na critéir tháscacha a dtugtar tuairisc orthu sa Chuid seo agus in Iarscríbhinn I. Cuirfear toradh an athbhreithnithe sin ar fáil go poiblí agus cuirfidh an rúnaíocht in iúl don togróir é. Déanfaidh an togróir an togra a atarchur chuig an rúnaíocht, tar éis dó an réamh-athbhreithniú a rinne an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil a chur san áireamh. Tabharfaidh an rúnaíocht fógra do na Páirtithe faoin méid sin agus cuirfidh sí an togra atarchurtha sin ar fáil go poiblí agus éascóidh sí comhairliúcháin de bhun airteagal 21.

## Airteagal 21
## Comhairliúcháin faoi thograí agus measúnú orthu

1. Beidh comhairliúcháin faoi thograí arna gcur isteach faoi airteagal 19 cuimsitheach, trédhearcach agus oscailte do na páirtithe leasmhara ábhartha uile, lena n-áirítear Stáit agus comhlachtaí domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála, mar aon leis an tsochaí shibhialta, an pobal eolaíochta, Pobail Dhúchasacha agus áitiúla.

2. Éascóidh an rúnaíocht comhairliúcháin agus baileoidh sí ionchur mar a leanas:

(a) Tabharfar fógra do Stáit, go háirithe Stáit chósta máguaird, agus iarrfar orthu na nithe seo a leanas, inter alia, a chur isteach:

(i) Tuairimí ar fhiúntas agus raon feidhme geografach an togra;

(ii) Aon ionchur eolaíoch ábhartha eile;

(iii) Faisnéis faoi aon bheart nó gníomhaíocht atá ann cheana i limistéir máguaird nó ghaolmhara laistigh den dlínse náisiúnta agus lasmuigh den dlínse náisiúnta;

(iv) Tuairimí ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an togra do limistéir laistigh den dlínse náisiúnta;

(v) Aon fhaisnéis ábhartha eile;

(b) Tabharfar fógra do chomhlachtaí ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus do chomhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha,

foréigiúnacha agus earnála agus iarrfar orthu na nithe seo a leanas, inter alia, a chur isteach:

(i) Tuairimí ar fhiúntas an togra;

(ii) Aon ionchur eolaíoch ábhartha eile;

(iii) Faisnéis faoi aon bheart atá ann cheana a glacadh leis an ionstraim, leis an gcreat nó leis an gcomhlacht sin maidir leis an limistéar ábhartha nó le limistéir máguaird;

(iv) Tuairimí maidir le haon ghné de na bearta agus eilimintí eile le haghaidh dréachtphlean bainistíochta a sainaithníodh sa togra a thagann faoi inniúlacht an chomhlachta sin;

(v) Tuairimí maidir le haon bheart breise ábhartha a thagann faoi inniúlacht na hionstraime, an chreata nó an chomhlachta sin;

(vi) Aon fhaisnéis ábhartha eile;

(c) Iarrfar ar Phobail Dhúchasacha agus áitiúla a bhfuil eolas traidisiúnta ábhartha acu, an pobal eolaíochta, an tsochaí shibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile na nithe seo a leanas, inter alia, a chur isteach:

(i) Tuairimí ar fhiúntas an togra;

(ii) Aon ionchur eolaíoch ábhartha eile;

(iii) Aon eolas traidisiúnta ábhartha de chuid na bPobal Dúchasach agus áitiúil;

(iv) Aon fhaisnéis ábhartha eile.

3. Cuirfidh an rúnaíocht aighneachtaí a gheofar de bhun mhír 2 thuas ar fáil go poiblí.

4. I gcásanna ina ndéanfaidh an beart atá beartaithe difear do limistéir a bhfuil limistéir eacnamaíocha eisiacha Stát go hiomlán ina dtimpeall, déanfaidh na togróirí an méid seo a leanas:

(a) Dul i mbun comhairliúcháin spriocdhírithe réamhghníomhacha, lena n-áirítear fógra roimh ré, leis na Stáit sin;

(b) Tuairimí agus barúlacha na Stát sin maidir leis an mbeart atá beartaithe a bhreithniú agus freagraí i scríbhinn a sholáthar lena dtugtar aghaidh go sonrach ar na tuairimí agus na barúlacha sin agus, i gcás inarb iomchuí, an beart atá beartaithe a athbhreithniú dá réir sin.

5. Déanfaidh an togróir na haighneachtaí a gheofar le linn na tréimhse comhairliúcháin, chomh maith le tuairimí an Chomhlachta Eolaíoch agus Theicniúil agus faisnéis uaidh a mheas, agus, de réir mar is iomchuí, athbhreithneoidh sé an togra dá réir sin nó tabharfaidh sé freagra ar aighneachtaí substainteacha nár léiríodh sa togra.

6. Beidh an tréimhse chomhairliúcháin faoi cheangal ama.

7. Cuirfear an togra athbhreithnithe faoi bhráid an Chomhlachta Eolaíoch agus Theicniúil, a dhéanfaidh measúnú ar an togra agus a chuirfidh moltaí faoi bhráid Chomhdháil na bPáirtithe.

8. Déanfaidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil na módúlachtaí maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin agus measúnaithe, lena n-áirítear fad, a fhorbairt a thuilleadh, de réir mar is gá, ag an gcéad chruinniú dá chuid, lena mbreithniú agus lena nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe, agus imthosca speisialta na Stát oileánach beag i mbéal forbartha á gcur san áireamh.



PUBLIC

## Airteagal 22
## Bunú uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint

1. Maidir le Comhdháil na bPáirtithe, ar bhonn an togra chríochnaithigh agus an dréachtphlean bainistíochta, agus na haighneachtaí agus an t-ionchur eolaíoch a fuarthas le linn an phróisis comhairliúcháin a bhunaítear faoin gCuid seo agus comhairle eolaíoch agus moltaí an Chomhlachta Eolaíoch agus Theicniúil á gcur san áireamh:

(a) Déanfaidh sí cinntí maidir le bunú uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, agus bearta gaolmhara;

(b) Féadfaidh sí cinntí a dhéanamh maidir le bearta atá comhoiriúnach leis na bearta arna nglacadh ag ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála, i gcomhar agus i gcomhordú leis na hionstraimí, leis na creataí agus leis na comhlachtaí sin;

(c) Féadfaidh sí, i gcás ina bhfuil bearta atá beartaithe laistigh d'inniúlachtaí comhlachtaí domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha nó earnála eile, moltaí a chur faoi bhráid Páirtithe sa Chomhaontú seo agus faoi bhráid comhlachtaí domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála chun glacadh beart ábhartha a chur chun cinn trí na hionstraimí, na creataí agus na comhlachtaí sin, i gcomhréir lena sainorduithe féin.

2. Agus cinntí á ndéanamh faoin Airteagal seo, urramóidh Comhdháil na bPáirtithe inniúlachtaí ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála, agus ní dhéanfaidh sí dochar do na hionstraimí ná na creataí sin.

3. Déanfaidh Comhdháil na bPáirtithe socruithe le haghaidh comhairliúcháin thráthrialta chun feabhas a chur ar chomhar agus comhordú le hionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála agus ina measc maidir le huirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, chomh maith le comhordú maidir le bearta gaolmhara arna nglacadh faoi na hionstraimí agus na creataí sin agus ag na comhlachtaí sin.

4. I gcás inar gá, chun cuspóirí agus cur chun feidhme na Coda seo a bhaint amach, chun comhar agus comhordú idirnáisiúnta a chur chun cinn i dtaca le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, féadfaidh Comhdháil na bPáirtithe machnamh a dhéanamh ar shásra maidir le huirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe atá ann cheana, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, arna nglacadh le hionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla nó ag comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála, agus, faoi réir mhíreanna 1 agus 2 thuas, féadfaidh sí a chinneadh, de réir mar is iomchuí, an sásra sin a fhorbairt.

5. Le cinntí agus moltaí arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe i gcomhréir leis an gCuid seo, ní dhéanfar dochar d'éifeachtacht na mbeart arna nglacadh i leith limistéir laistigh den dlínse náisiúnta agus déanfar iad agus aird chuí á tabhairt ar chearta agus dualgais na Stát uile, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún. I gcásanna ina ndéanfadh bearta a mholtar faoin gCuid seo difear don uisce os cionn ghrinneall na farraige agus fo-ithir limistéir fomhuirí a bhfeidhmíonn Stát cósta cearta ceannasacha orthu i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún, nó a bhféadfaí coinne a bheith leis le réasún go ndéanfadh, tabharfar aird chuí, leis na bearta sin, ar chearta ceannasacha na Stát

cósta sin. Rachfar i mbun comhairliúcháin chuige sin, i gcomhréir le forálacha na Coda seo.

6. I gcásanna ina mbunaítear uirlis bhainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéar muirí faoi chosaint, faoin gCuid seo agus go dtagann sí, ina dhiaidh sin, go hiomlán nó go páirteach, laistigh de dhlínse náisiúnta Stáit cósta, scoirfidh an chuid atá laistigh den dlínse náisiúnta de bheith i bhfeidhm láithreach. An chuid atá fágtha i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, fanfaidh sí i bhfeidhm go dtí go ndéanfaidh Comhdháil na bPáirtithe, ag an gcruinniú a bheidh aici ina dhiaidh sin, an uirlis bhainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéar muirí faoi chosaint, a athbhreithniú agus déanfaidh sí cinneadh í a leasú nó a chúlghairm, de réir mar is gá.

7. Ar ionstraim dlí ábhartha nó creat dlíthiúil ábhartha nó comhlacht ábhartha domhanda, réigiúnach, foréigiúnach nó earnála a bhunú, nó a inniúlacht nó a hinniúlacht a leasú, maidir le haon uirlis bhainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéar muirí faoi chosaint, nó aon bheart gaolmhar arna ghlacadh ag Comhdháil na bPáirtithe faoin gCuid seo, a thagann, ina dhiaidh sin, go hiomlán nó go páirteach, faoi inniúlacht na hionstraime, an chreata nó an chomhlachta sin, fanfaidh an méid sin i bhfeidhm go dtí go ndéanfaidh Comhdháil na bPáirtithe an uirlis bhainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéar muirí faoi chosaint, agus na bearta gaolmhara, a athbhreithniú agus go ndéanfaidh sí cinneadh, i ndlúthchomhar agus i ndlúthchomhordú leis an ionstraim, leis an gcreat nó leis an gcomhlacht sin, an méid sin a choinneáil, a leasú nó a chúlghairm, de réir mar is iomchuí.

## Airteagal 23
## Cinnteoireacht

1. Mar riail ghinearálta, is de chomhthoil a dhéanfar na cinntí agus na moltaí faoin gCuid seo.

2. Mura mbainfear comhthoil amach, déanfar cinntí agus moltaí faoin gCuid seo trí thromlach trí cheathrú de na Páirtithe a bheidh i láthair agus a chaithfidh vóta, agus roimhe sin, cinnfidh Comhdháil na bPáirtithe, trí thromlach dhá thrian de na Páirtithe a bheidh i láthair agus chaithfidh vóta, nár éirigh le haon iarracht comhthoil a bhaint amach.

3. Tiocfaidh cinntí a dhéanfar faoin gCuid seo i bhfeidhm 120 lá tar éis chruinniú Chomhdháil na bPáirtithe ag a ndearnadh iad agus beidh siad ina gceangal ar na Páirtithe uile.

4. Le linn na tréimhse 120 lá dá bhforáiltear i mír 3 thuas, féadfaidh aon Pháirtí, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don rúnaíocht, agóid a dhéanamh i dtaca le cinneadh arna ghlacadh faoin gCuid seo, agus ní bheidh an cinneadh sin ina cheangal ar an bPáirtí sin. Féadfar agóid in aghaidh cinnidh a tharraingt siar tráth ar bith trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don rúnaíocht agus, air sin, beidh an cinneadh ina cheangal ar an bPáirtí sin 90 lá tar éis dháta an fhógra ina luaitear go bhfuil an agóid tarraingthe siar.

5. Aon Pháirtí a dhéanfaidh agóid faoi mhír 4 thuas, soláthróidh sé don rúnaíocht, i scríbhinn, tráth déanta na hagóide, míniú ar an bhforas lena agóid, a bheidh bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas:

(a) Tá an cinneadh ar neamhréir leis an gComhaontú seo nó le cearta agus dualgais an Pháirtí a rinne an agóid i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún;

(b) Déanann an cinneadh leithcheal dochosanta i bhfoirm nó i bhfíoras ar an bPáirtí a rinne an agóid;

(c) Ní féidir leis an bPáirtí an cinneadh a chomhlíonadh go praiticiúil tráth na hagóide tar éis dó gach iarracht réasúnta a dhéanamh chuige sin.

6. Aon Pháirtí a dhéanfaidh agóid faoi mhír 4 thuas, glacfaidh sé, a mhéid is indéanta, bearta nó cineálacha cur chuige malartacha atá ar comhéifeacht leis an gcinneadh a ndearna sé agóid ina aghaidh agus ní ghlacfaidh sé bearta ná ní dhéanfaidh sé gníomhaíochtaí a dhéanfadh dochar d'éifeachtacht an chinnidh a ndearna sé agóid ina aghaidh mura rud é go bhfuil na bearta nó na gníomhaíochtaí sin fíor-riachtanach chun cearta agus dualgais an Pháirtí a rinne an agóid a fheidhmiú i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún.

7. Tuairisceoidh an Páirtí a rinne an agóid don chéad ghnáthchruinniú eile de Chomhdháil na bPáirtithe tar éis a fhógra faoi mhír 4 thuas, agus go tréimhsiúil ina dhiaidh sin, maidir le cur chun feidhme mhír 6 thuas, chun eolas a dhéanamh don fhaireachán agus don athbhreithniú faoi airteagal 26.

8. Ní fhéadfar agóid in aghaidh cinneadh arna dhéanamh i gcomhréir le mír 4 thuas a athnuachan ach amháin má mheasann an Páirtí a rinne an agóid go bhfuil gá leis fós, gach 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don rúnaíocht. Áireofar san fhógra sin i scríbhinn míniú ar an bhforas lena agóid tosaigh.

9. Mura bhfaighfear aon fhógra athnuachana de bhun mhír 8 thuas, measfar an agóid a bheith tarraingthe siar go huathoibríoch agus, air sin, beidh an cinneadh ina cheangal ar an bPáirtí sin 120 lá tar éis tharraingt siar uathoibríoch na hagóide sin. Tabharfaidh an rúnaíocht fógra don Pháirtí 60 lá roimh an dáta a tharraingeofar an agóid siar go huathoibríoch.

10. Cinntí ó Chomhdháil na bPáirtithe arna nglacadh faoin gCuid seo, agus agóidí in aghaidh na gcinntí sin, cuirfidh an rúnaíocht ar fáil go poiblí iad agus déanfar iad a tharchur chuig na Stáit uile agus chuig na hionstraimí ábhartha dlí uile, na creataí ábhartha dlíthiúla uile agus na comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála uile.

## Airteagal 24
## Bearta éigeandála

1. Déanfaidh Comhdháil na bPáirtithe cinntí chun bearta a ghlacadh i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, a bheidh le cur i bhfeidhm ar bhonn éigeandála, más gá, i gcás ina ndearna, nó inar dócha go ndéanfaidh, feiniméan nádúrtha nó tubaiste de dheasca an duine díobháil thromchúiseach nó dho-aisiompaithe do bhithéagsúlacht mhuirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, chun a áirithiú nach gcuirfear leis an díobháil thromchúiseach nó dho-aisiompaithe.

2. Ní mheasfar go mbeidh gá le bearta arna nglacadh faoin airteagal seo ach amháin más rud é, tar éis ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla a cheadú agus dul i gcomhairle le comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála, nach féidir an díobháil thromchúiseach nó dho-aisiompaithe a bhainistiú go tráthúil trí airteagail eile an Chomhaontaithe seo a chur i bhfeidhm nó le hionstraim ábhartha dlí nó creat ábhartha dlíthiúil nó comhlacht ábhartha domhanda, réigiúnach, foréigiúnach nó earnála.

3. Beidh bearta arna nglacadh ar bhonn éigeandála bunaithe ar an eolaíocht agus an fhaisnéis eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus, i gcás ina mbeidh fáil air, ar eolas traidisiúnta ábhartha na bPobal Dúchasach agus áitiúil agus cuirfear cur chuige an



PUBLIC

réamhchúraim san áireamh leo. Féadfaidh na Páirtithe bearta den sórt sin a mholadh nó féadfaidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil iad a mholadh agus féadfar iad a ghlacadh idir na seisiúin. Beidh na bearta sealadach agus ní mór scrúdú a dhéanamh orthu arís ag an gcéad chruinniú eile de Chomhdháil na bPáirtithe tar éis a nglactha.

4. Tiocfaidh deireadh leis na bearta 2 bhliain tar éis dóibh a theacht i bhfeidhm nó cuirfidh Comhdháil na bPáirtithe deireadh leo níos luaithe na sin ar uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, agus bearta gaolmhara a bhunaítear i gcomhréir leis an gCuid seo a chur ina n-ionad, nó trí bhearta arna nglacadh le hionstraim ábhartha dlí nó le creat ábhartha dlíthiúil nó ag comhlacht ábhartha domhanda, réigiúnach, foréigiúnach nó earnála, nó le cinneadh ó Chomhdháil na bPáirtithe nuair nach ann a thuilleadh do na himthosca a d'fhág go raibh gá leis an mbeart.

5. Déanfaidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil nósanna imeachta agus treoir a fhorbairt maidir le bearta éigeandála a bhunú, lena n-áirítear nósanna imeachta comhairliúcháin, de réir mar is gá, lena mbreithniú agus lena nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe a luaithe is féidir léi. Beidh nósanna imeachta den sórt sin cuimsitheach agus trédhearcach.

## Airteagal 25
## Cur chun feidhme

1. Áiritheoidh na Páirtithe gur i gcomhréir leis na cinntí arna nglacadh faoin gCuid seo a dhéanfar gníomhaíochtaí faoina ndlínse nó faoina rialú i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.

2. Ní chuirfidh rud ar bith sa Chomhaontú seo cosc ar Pháirtí bearta níos déine a ghlacadh i dtaca lena náisiúnaigh agus lena shoithí nó maidir le gníomhaíochtaí faoina dhlínse nó faoina rialú anuas ar na bearta sin arna nglacadh faoin gCuid seo, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus ar mhaithe le cuspóirí an Chomhaontaithe.

3. Níor cheart le cur chun feidhme na mbeart arna nglacadh faoin gCuid seo ualach díréireach a chur, go díreach nó go hindíreach, ar Pháirtithe ar Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha nó tíortha is lú forbairt iad.

4. De réir mar is iomchuí, déanfaidh na Páirtithe glacadh beart a chur chun cinn laistigh d'ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála a bhfuil siad ina gcomhaltaí díobh, chun tacú le cur chun feidhme na gcinntí agus na moltaí arna ndéanamh ag Comhdháil na bPáirtithe faoin gCuid seo.

5. Spreagfaidh na Páirtithe na Stáit sin atá i dteideal a bheith ina bPáirtithe sa Chomhaontú seo, go háirithe na Stáit sin a n-oibríonn a ngníomhaíochtaí, a soithí nó a náisiúnaigh i limistéar atá faoi réir uirlis bhainistíochta limistéarbhunaithe a bunaíodh cheana, lena n-áirítear limistéar muirí faoi chosaint, bearta a ghlacadh lena dtacaítear le cinntí agus moltaí Chomhdháil na bPáirtithe maidir le huirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, ar cinntí agus moltaí iad a bhunaítear faoin gCuid seo.

6. Aon Pháirtí nach páirtí ná rannpháirtí in ionstraim ábhartha dlí ná creat ábhartha dlí é, nó nach comhalta de chomhlacht domhanda, réigiúnach, foréigiúnach ná earnála ábhartha é, agus nach gcomhaontaíonn ar bhealach eile na bearta arna mbunú faoi na hionstraimí agus na creataí sin agus ag na comhlachtaí sin a chur i bhfeidhm, ní dhéanfar an Páirtí sin a urscaoileadh ón oibleagáid dul i gcomhar le chéile, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún agus leis an gComhaontú seo, maidir le caomhnú

agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.

### Airteagal 26
### Faireachán agus athbhreithniú

1. Tuairisceoidh na Páirtithe, ar bhonn indibhidiúil nó i dteannta a chéile, do Chomhdháil na bPáirtithe maidir le cur chun feidhme uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, arna mbunú faoin gCuid seo, agus bearta gaolmhara. Cuirfidh an rúnaíocht na tuarascálacha sin, chomh maith leis an bhfaisnéis agus an t-athbhreithniú dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 thíos, faoi seach, ar fáil go poiblí.

2. Iarrfar ar na hionstraimí ábhartha dlí agus na creataí ábhartha dlíthiúla agus na comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála faisnéis a sholáthar do Chomhdháil na bPáirtithe faoi chur chun feidhme na mbeart atá glactha acu chun cuspóirí na n-uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, a bhunaítear faoin gCuid seo, a bhaint amach.

3. Déanfaidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil faireachán agus athbhreithniú tréimhsiúil ar uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, a bhunaítear faoin gCuid seo, lena n-áirítear bearta gaolmhara, agus na tuarascálacha agus an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 thuas, faoi seach, á gcur san áireamh.

4. San athbhreithniú dá dtagraítear i mír 3 thuas, déanfaidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil measúnú ar éifeachtacht uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, a bhunaítear faoin gCuid seo, lena n-áirítear bearta gaolmhara agus an dul chun cinn arna dhéanamh chun a gcuspóirí a bhaint amach, agus soláthróidh sé comhairle agus moltaí do Chomhdháil na bPáirtithe.

5. Tar éis an athbhreithnithe, déanfaidh Comhdháil na bPáirtithe, de réir mar is gá, cinntí nó moltaí maidir le huirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, agus aon bheart gaolmhar arna ghlacadh ag Comhdháil na bPáirtithe, a leasú, a leathnú nó a chúlghairm, ar bhonn na heolaíochta agus na faisnéise eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil agus, i gcás ina mbeidh fáil air, eolas traidisiúnta ábhartha na bPobal Dúchasach agus áitiúil, agus cur chuige an réamhchúraim agus cur chuige bunaithe ar éiceachórais á gcur san áireamh.

## CUID IV
## MEASÚNUITHE AR AN TIONCHAR AR AN gCOMHSHAOL

### Airteagal 27
### Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí na Coda seo:

(a) Forálacha an Choinbhinsiúin maidir le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a oibríochtú le haghaidh limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta trí phróisis, tairseacha agus ceanglais eile a bhunú maidir le measúnuithe a dhéanfaidh na Páirtithe agus an tuairisciú orthu;

(b) A áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an gCuid seo a mheasúnú agus a dhéanamh chun drochthionchair mhóra a chosc, a mhaolú agus a bhainistiú chun an mhuirthimpeallacht a chosaint agus a chaomhnú;



PUBLIC

(c) Tacú le breithniú a dhéanamh ar thionchair charnacha agus tionchair i limistéir laistigh den dlínse náisiúnta;

(d) Foráil a dhéanamh maidir le measúnuithe straitéiseacha comhshaoil;

(e) Creat comhleanúnach um measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a bhaint amach le haghaidh gníomhaíochtaí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta;

(f) Cur le hacmhainneacht na bPáirtithe agus í a neartú, go háirithe na Páirtithe is Stáit i mbéal forbartha, go háirithe na tíortha is lú forbairt, tíortha talamhiata i mbéal forbartha, Stáit faoi mhíbhuntáiste geografach, Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, Stáit chósta de chuid na hAfraice, Stáit oileánracha agus tíortha meánioncaim i mbéal forbartha, chun measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol agus measúnuithe straitéiseacha comhshaoil a ullmhú, a dhéanamh agus a mheas chun tacú le cuspóirí an Chomhaontaithe seo.

PUBLIC

## Airteagal 28
## Oibleagáid measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh

1. Maidir leis na tionchair ar an muirthimpeallacht a d’fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí pleanáilte faoi dhlínse nó rialú na bPáirtithe agus a tharlaíonn i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, áiritheoidh siad go ndéanfar measúnú orthu mar a leagtar amach sa Chuid seo sula n-údarófar iad.

2. I gcás ina gcinnfidh Páirtí go bhféadfadh gníomhaíocht phleanáilte atá faoina dhlínse nó faoina rialú agus atá le déanamh i limistéir mhuirí laistigh den dlínse náisiúnta a bheith ina cúis le truailliú substaintiúil sa mhuirthimpeallacht i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta nó le hathruithe móra díobhálacha ar an muirthimpeallacht sin, áiritheoidh an Páirtí sin go ndéanfar measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ar an ngníomhaíocht sin i gcomhréir leis an gCuid seo nó go ndéanfar measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol faoi phróiseas náisiúnta an Pháirtí. Aon Pháirtí a dhéanfaidh measúnú den sórt sin faoina phróiseas náisiúnta, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) Faisnéis ábhartha a chur ar fáil tríd an Teach Imréitigh, go tráthúil, le linn an phróisis náisiúnta;

(b) A áirithiú go ndéanfar faireachán ar an ngníomhaíocht ar bhealach a bheidh i gcomhréir le ceanglais a phróisis náisiúnta;

(c) A áirithiú go gcuirfear tuarascálacha ar mheasúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol agus aon tuarascáil ábhartha faireacháin ar fáil tríd an Teach Imréitigh mar a leagtar amach sa Chomhaontú seo.

3. Ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2 (a) thuas a fháil, féadfaidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil tuairimí a sholáthar don Pháirtí a bhfuil an ghníomhaíocht phleanáilte faoina dhlínse nó faoina rialú.

## Airteagal 29
## Gaol idir an Comhaontú seo agus próisis maidir le measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol faoi ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála

1. Déanfaidh na páirtithe úsáid measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol agus glacadh agus cur chun feidhme na gcaighdeán agus/nó na dtreoirlínte arna bhforbairt

faoi airteagal 38 a chur chun cinn in ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála a bhfuil siad ina gcomhaltaí díobh.

2. Forbróidh Comhdháil na bPáirtithe sásraí faoin gCuid seo lenar féidir leis an gComhlacht Eolaíoch agus Teicniúil comhoibriú le hionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála a rialaíonn gníomhaíochtaí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta nó a chosnaíonn an mhuirthimpeallacht.

3. Agus caighdeáin nó treoirlínte á bhforbairt nó á dtabhairt cothrom le dáta maidir le measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanfaidh na Páirtithe sa Chomhaontú seo, faoi airteagal 38, ar ghníomhaíochtaí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, oibreoidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil, de réir mar is iomchuí, i gcomhar le hionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála.

4. Ní gá scagadh ná measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh ar ghníomhaíocht phleanáilte i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, ar choinníoll go gcinnfidh an Páirtí a bhfuil an ghníomhaíocht phleanáilte faoina dhlínse nó faoina rialú:

(a) Go ndearnadh measúnú ar na tionchair a d’fhéadfadh a bheith ag an ngníomhaíocht phleanáilte nó ag an gcatagóir gníomhaíochta i gcomhréir le ceanglais ionstraimí ábhartha dlí eile nó ceanglais creataí ábhartha dlíthiúla eile nó go ndearnadh comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha nó earnála an measúnú sin;

(b) Go gcinnfidh an Páirtí:

(i) go bhfuil an measúnú a rinneadh cheana ar an ngníomhaíocht phleanáilte coibhéiseach leis an measúnú a cheanglaítear faoin gCuid seo, agus go gcuirtear torthaí an mheasúnaithe san áireamh; nó

(ii) gur ceapadh rialacháin nó caighdeáin na n-ionstraimí ábhartha dlí nó na gcreataí ábhartha dlíthiúla nó na rialacháin nó caighdeáin comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála a eascraíonn as an measúnú chun tionchair a d’fhéadfadh a bheith ann faoi bhun na tairsí le haghaidh measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol faoin gCuid seo a chosc, a mhaolú nó a bhainistiú, agus comhlíonadh iad.

5. I gcás ina ndearnadh measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ar ghníomhaíocht phleanáilte i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta faoi ionstraim ábhartha dlí nó creat ábhartha dlíthiúil nó comhlacht ábhartha domhanda, réigiúnach, foréigiúnach nó earnála, áiritheoidh an Páirtí lena mbaineann go bhfoilseofar an tuarascáil ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol tríd an Teach Imréitigh.

6. Mura mbeidh na gníomhaíochtaí pleanáilte a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 4 (b) (i) thuas faoi réir faireacháin agus athbhreithnithe faoi ionstraim ábhartha dlí nó creat ábhartha dlíthiúil nó comhlacht ábhartha domhanda, réigiúnach, foréigiúnach nó earnála déanfaidh na Páirtithe faireachán agus athbhreithniú ar na gníomhaíochtaí agus áiritheoidh siad go bhfoilseofar na tuarascálacha faireacháin agus athbhreithnithe tríd an Teach Imréitigh.

PUBLIC

## Airteagal 30
## Tairseacha agus tosca maidir le measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh

1. I gcás ina bhféadfadh níos mó ná mionéifeacht nó éifeacht shealadach a bheith ag gníomhaíocht phleanáilte ar an muirthimpeallacht, nó nach eol éifeachtaí na gníomhaíochta nó nach dtuigtear go maith iad, déanfaidh an Páirtí a bhfuil na gníomhaíochta faoina dhlínse nó faoina rialú scagadh ar an ngníomhaíocht faoi airteagal 31, agus úsáidfidh sé na tosca a leagtar amach i mír 2 thíos, agus:

(a) Beidh an scagadh mionsonraithe go leor chun go bhféadfaidh an Páirtí a mheas an bhfuil foras réasúnta aige lena chreidiúint go bhféadfadh an ghníomhaíocht phleanáilte a bheith ina cúis le truailliú substaintiúil sa mhuirthimpeallacht nó le hathruithe móra díobhálacha ar an muirthimpeallacht sin agus áireofar an méid seo a leanas ann:

(i) Tuairisc ar an ngníomhaíocht phleanáilte, lena n-áirítear a cuspóir, a suíomh, a fad agus a déine; agus

(ii) Anailís tosaigh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear breithniú ar thionchair charnacha agus, de réir mar is iomchuí, ar roghanna malartacha ar an ngníomhaíocht phleanáilte;

(b) I gcás ina gcinnfear ar bhonn an scagtha go bhfuil foras réasúnta ag an bPáirtí lena chreidiúint go bhféadfadh an ghníomhaíocht phleanáilte a bheith ina cúis le truailliú substaintiúil sa mhuirthimpeallacht nó le hathruithe móra díobhálacha ar an muirthimpeallacht sin, déanfar measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol i gcomhréir le forálacha na Coda seo.

2. Agus cinneadh á dhéanamh ag na Páirtithe an gcomhlíonann gníomhaíochtaí pleanáilte atá faoina ndlínse nó faoina rialú an tairseach a leagtar amach i mír 1 thuas, breithneoidh na Páirtithe na tosca neamh-uileghabhálacha seo a leanas:

(a) An cineál gníomhaíochta agus an teicneolaíocht a úsáidtear lena haghaidh agus an bealach a ndéanfar í;

(b) Fad na gníomhaíochta;

(c) Suíomh na gníomhaíochta;

(d) Saintréithe agus éiceachóras an tsuímh (lena n-áirítear limistéir lena mbaineann tábhacht nó leochaileacht ar leith ó thaobh na héiceolaíochta nó na bitheolaíochta de);

(e) Na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an ngníomhaíocht, lena n-áirítear na tionchair charnacha a d'fhéadfadh a bheith ann agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann i limistéir laistigh den dlínse náisiúnta;

(f) A mhéid nach eol éifeachtaí na gníomhaíochta nó nach dtuigtear go maith iad;

(g) Critéir ábhartha éiceolaíocha nó bitheolaíocha eile.

## Airteagal 31
## Próiseas le haghaidh measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol

1. Áiritheoidh na Páirtithe go n-áireofar na céimeanna seo a leanas sa phróiseas chun measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol de bhun na Coda seo a dhéanamh:

(a) *Scagadh.* Tabharfaidh na Páirtithe faoi scagadh go tráthúil chun a chinneadh an bhfuil gá le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol i leith gníomhaíocht phleanáilte atá faoina dhlínse nó faoina rialú, i gcomhréir le hairteagal 30, agus cuirfidh siad an cinneadh ar fáil go poiblí:

(i) I gcás ina gcinnfidh Páirtí nach bhfuil gá le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol le haghaidh gníomhaíocht phleanáilte atá faoina dhlínse nó faoina rialú, cuirfidh sé faisnéis ábhartha, lena n-áirítear faoi airteagal 30, mír 1 (a), ar fáil go poiblí tríd an Teach Imréitigh faoin gComhaontú seo;

(ii) Ar bhonn na heolaíochta agus na faisnéise eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil agus, i gcás ina mbeidh fáil air, eolas traidisiúnta ábhartha na bPobal Dúchasach agus áitiúil, féadfaidh Páirtí a thuairimí ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíocht phleanáilte a ndearnadh cinneadh ina leith i gcomhréir le fomhír (a) (i) thuas a chur in iúl don Pháirtí a rinne an cinneadh agus don Chomhlacht Eolaíoch agus Teicniúil, laistigh de 40 lá tar éis a fhoilsithe;

(iii) I gcás inar léirigh an Páirtí a chuir a thuairimí in iúl go raibh imní air maidir leis na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíocht phleanáilte a ndearnadh cinneadh ina leith, déanfaidh an Páirtí a rinne an cinneadh sin na húdair imní sin a bhreithniú agus féadfaidh sé athbhreithniú a dhéanamh ar a chinneadh;

(iv) Tar éis don Chomhlacht Eolaíoch agus Teicniúil na húdair imní a chuir Páirtí in iúl faoi fhomhír (a) (ii) thuas a bhreithniú, déanfaidh sé na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an ngníomhaíocht phleanáilte a bhreithniú, agus féadfaidh sé meastóireacht a dhéanamh orthu, ar bhonn na heolaíochta agus na faisnéise eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil agus, i gcás ina mbeidh sé ar fáil, ar bhonn eolas traidisiúnta ábhartha na bPobal Dúchasach agus áitiúil agus, de réir mar is iomchuí, féadfaidh sé moltaí a chur faoi bhráid an Pháirtí a rinne an cinneadh tar éis dó deis a thabhairt don Pháirtí sin freagra a thabhairt ar na húdair imní a cuireadh in iúl agus an freagra sin a chur san áireamh;

(v) Déanfaidh an Páirtí a rinne an cinneadh faoi fhomhír (a) (i) thuas aon mholadh ón gComhlacht Eolaíoch agus Teicniúil a bhreithniú;

(vi) Cuirfear na tuairimí a cuireadh in iúl agus moltaí an Chomhlachta Eolaíoch agus Theicniúil ar fáil go poiblí, lena n-áirítear tríd an Teach Imréitigh;

(b) *Raon feidhme a leagan amach*. Áiritheoidh na páirtithe go sainaithneofar na príomhthionchair chomhshaoil agus aon tionchar gaolmhar, amhail tionchair eacnamaíocha, shóisialta, chultúrtha agus tionchair ar shláinte an duine, lena n-áirítear na tionchair charnacha agus tionchair i limistéir laistigh den dlínse náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann, chomh maith le roghanna malartacha ar an ngníomhaíocht phleanáilte, más ann dóibh, atá le háireamh sna measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanfar faoin gCuid seo. Saineofar an raon feidhme trí úsáid a bhaint as an eolaíocht agus an fhaisnéis eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus, i gcás ina mbeidh fáil air, eolas traidisiúnta ábhartha na bPobal Dúchasach agus áitiúil;

(c) *Measúnú tionchair agus meastóireacht*. Áiritheoidh na Páirtithe go ndéanfar measúnú agus meastóireacht ar thionchair na ngníomhaíochtaí pleanáilte, lena n-áirítear tionchair charnacha agus tionchair i limistéir laistigh den dlínse náisiúnta, trí úsáid a bhaint as an eolaíocht agus an fhaisnéis eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus, i gcás ina mbeidh fáil air, as eolas traidisiúnta ábhartha na bPobal Dúchasach agus áitiúil;

(d) *Éifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc, a mhaolú agus a bhainistiú*. Áiritheoidh na Páirtithe an méid seo a leanas:

(i) Sainaithneofar bearta chun éifeachtaí díobhálacha féideartha na ngníomhaíochtaí pleanáilte atá faoina ndlínse nó faoina rialú a chosc, a mhaolú agus a bhainistiú agus déanfar anailís orthu chun drochthionchair mhóra a sheachaint. Féadfar a áireamh ar na bearta sin roghanna malartacha ar an ngníomhaíocht phleanáilte atá faoina ndlínse nó faoina rialú a bhreithniú;

(ii) I gcás inarb iomchuí, déanfar na bearta sin a ionchorprú i bplean bainistithe comhshaoil;

(e) Áiritheoidh na Páirtithe go ndéanfar an fógra poiblí agus an comhairliúchán poiblí i gcomhréir le hairteagal 32;

(f) Áiritheoidh na Páirtithe go n-ullmhófar agus go bhfoilseofar tuarascáil ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol i gcomhréir le hairteagal 33.

2. Féadfaidh na Páirtithe measúnuithe comhpháirteacha ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh, go háirithe le haghaidh gníomhaíochtaí pleanáilte faoi dhlínse nó rialú Stát beag oileánach i mbéal forbartha.

3. Cruthófar liosta saineolaithe faoin gComhlacht Eolaíoch agus Teicniúil. Féadfaidh Páirtithe a bhfuil srianta acmhainneachta orthu comhairle agus cúnamh a iarraidh ar na saineolaithe sin chun scagadh agus measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh agus a mheas le haghaidh gníomhaíocht phleanáilte atá faoina ndlínse nó faoina rialú. Ní fhéadfar na saineolaithe a cheapadh ar chuid eile den phróiseas maidir le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a bhaineann leis an ngníomhaíocht chéanna. Áiritheoidh an Páirtí a d’iarr an chomhairle agus an cúnamh go gcuirfear na measúnuithe sin ar an tionchar ar an gcomhshaol faoina bhráid lena n-athbhreithniú agus chun críocha na cinnteoireachta.

## Airteagal 32
## Fógra poiblí agus comhairliúchán poiblí

1. Áiritheoidh na Páirtithe go ndéanfar fógra poiblí faoi ghníomhaíocht phleanáilte go tráthúil, lena n-áirítear trína fhoilsiú tríd an Teach Imréitigh agus tríd an rúnaíocht, agus deiseanna pleanáilte agus éifeachtacha atá faoi cheangal ama, a mhéid is indéanta, le haghaidh rannpháirtíocht na Stát uile, go háirithe Stáit chósta máguaird agus aon Stát eile atá cóngarach don ghníomhaíocht nuair atá sé i measc na Stát is mó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, agus páirtithe leasmhara sa phróiseas maidir le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol. Tarlóidh fógra agus deiseanna rannpháirtíochta, lena n-áirítear trí bharúlacha a chur isteach, le linn an phróisis maidir le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear nuair a bheidh raon feidhme an mheasúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol á shainaithint faoi airteagal 31, mír 1 (b), agus nuair a ullmhaíodh dréacht-tuarascáil ar mheasúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol faoi airteagal 33, sula ndéanfar cinneadh an ghníomhaíocht a údarú.

2. Cinnfear na Stáit is mó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh trí chineál na gníomhaíochta pleanáilte agus na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith aici ar an muirthimpeallacht a chur san áireamh agus áireofar leo:

(a) Stáit chósta a bhféadfaí a chreidiúint le réasún go ndéanfadh an ghníomhaíocht difear d’fheidhmiú a gceart ceannasach chun acmhainní nádúrtha a thaiscéaladh, a shaothrú, a chaomhnú nó a bhainistiú;

(b) Stáit a dhéanann gníomhaíochtaí daonna, lena n-áirítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha, i limistéar na gníomhaíochta pleanáilte, ar gníomhaíochtaí iad a bhféadfaí a chreidiúint le réasún go ndéanfaí difear dóibh.



PUBLIC

3. Áirítear ar na páirtithe leasmhara sa phróiseas sin Pobail Dhúchasacha agus áitiúil a bhfuil eolas traidisiúnta ábhartha acu, comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála, an tsochaí shibhialta, an pobal eolaíochta agus an pobal.

4. Beidh an fógra poiblí agus an comhairliúchán poiblí, i gcomhréir le hairteagal 48, mír 3, cuimsitheach agus trédhearcach, déanfar iad go tráthúil agus beidh siad spriocdhírithe agus réamhghníomhach nuair a bhainfidh Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha leo.

5. Barúlacha substainteacha a gheofar le linn an phróisis comhairliúcháin, lena n-áirítear ó Stáit chósta máguaird agus ó aon Stát eile atá cóngarach don ghníomhaíocht phleanáilte nuair atá sé i measc na Stát is mó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, déanfaidh na Páirtithe iad a bhreithniú agus tabharfaidh siad freagra orthu nó tabharfaidh siad aghaidh orthu. Tabharfaidh na Páirtithe aird ar leith ar bharúlacha a bhaineann le tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann i limistéir laistigh den dlínse náisiúnta agus soláthróidh siad freagraí i scríbhinn, de réir mar is iomchuí, freagraí ina dtabharfar aghaidh ar na barúlacha sin go sonrach, lena n-áirítear maidir le haon bheart breise atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair sin a d'fhéadfadh a bheith ann. Cuirfidh na Páirtithe ar fáil go poiblí na barúlacha a gheofar agus na freagraí orthu nó na tuairiscí ar an mbealach ar tugadh aghaidh orthu.

6. I gcás ina ndéanfaidh an ghníomhaíocht phleanáilte difear do limistéir den mhórmhuir a bhfuil limistéir eacnamaíocha eisiacha Stát go hiomlán ina dtimpeall, déanfaidh na Páirtithe an méid seo a leanas:

(a) Tabhairt faoi chomhairliúcháin spriocdhírithe réamhghníomhacha, lena n-áirítear fógra roimh ré, leis na Stáit sin ina dtimpeall;

(b) Tuairimí agus barúlacha na Stát sin ina dtimpeall maidir leis an ngníomhaíocht phleanáilte a bhreithniú agus freagraí i scríbhinn a sholáthar lena dtugtar aghaidh go sonrach ar na tuairimí agus barúlacha sin agus, de réir mar is iomchuí, an ghníomhaíocht phleanáilte a athbhreithniú dá réir sin.

7. Áiritheoidh na Páirtithe go mbeidh rochtain ar fhaisnéis a bhaineann leis an bpróiseas maidir le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol faoin gComhaontú seo. D'ainneoin sin, ní cheanglófar ar na Páirtithe faisnéis rúnda ná dhílsithe a nochtadh. Léireofar i ndoiciméid phoiblí go ndearnadh faisnéis rúnda nó dhílsithe a fholú.

## Airteagal 33
## Tuarascálacha ar mheasúnuithe ar an tionchair ar an gcomhshaol

1. Áiritheoidh na Páirtithe go n-ullmhófar tuarascáil ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol le haghaidh aon mheasúnaithe den sórt sin a dtabharfar faoi de bhun na Coda seo.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, sa tuarascáil ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol: tuairisc ar an ngníomhaíocht phleanáilte, lena n-áirítear a suíomh; tuairisc ar thorthaí an bhirt raon feidhme; measúnú bonnlíne ar an muirthimpeallacht ar dócha go ndéanfar difear di; tuairisc ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear na tionchair charnacha a d'fhéadfadh a bheith ann agus aon tionchar i limistéir laistigh den dlínse náisiúnta; tuairisc ar na bearta coisctheacha, maolaithe agus bainistíochta a d'fhéadfadh a bheith ann; tuairisc ar neamhchinnteachtaí agus ar bhearnaí eolais; faisnéis faoin bpróiseas comhairliúcháin phoiblí; tuairisc ar na roghanna malartacha réasúnta ar an ngníomhaíocht phleanáilte a cuireadh sa mheá; tuairisc ar ghníomhaíochtaí leantacha, lena n-áirítear plean bainistithe comhshaoil; agus achoimre neamhtheicniúil.

3. Cuirfidh an Páirtí an dréacht-tuarascáil ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ar fáil tríd an Teach Imréitigh le linn an phróisis chomhairliúcháin phoiblí, chun deis a thabhairt don Chomhlacht Eolaíoch agus Teicniúil an tuarascáil a bhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh uirthi.

4. Féadfaidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil, de réir mar is iomchuí agus go tráthúil, barúlacha a chur faoi bhráid an Pháirtí maidir leis an dréacht-tuarascáil ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol. Déanfaidh an Páirtí aon bharúil a dhéanfaidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil a bhreithniú.

5. Foilseoidh na Páirtithe na tuarascálacha ar na measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol, lena n-áirítear tríd an Teach Imréitigh. Áiritheoidh an rúnaíocht go dtabharfar fógra do na Páirtithe uile go tráthúil nuair a fhoilseofar tuarascálacha tríd an Teach Imréitigh.

6. Déanfaidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil tuarascálacha críochnaitheacha ar na measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a bhreithniú, ar bhonn na gcleachtas, na nósanna imeachta agus an eolais ábhartha faoin gComhaontú seo, chun treoirlínte a fhorbairt, lena n-áirítear dea-chleachtais a shainaithint.

7. Déanfaidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil rogha den fhaisnéis fhoilsithe arna húsáid sa phróiseas scagtha chun cinntí a dhéanamh i dtaobh an ndéanfar measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol, i gcomhréir le hairteagail 30 agus 31, a bhreithniú agus a athbhreithniú, ar bhonn na gcleachtas, na nósanna imeachta agus an eolais ábhartha faoin gComhaontú seo, chun treoirlínte a fhorbairt, lena n-áirítear dea-chleachtais a shainaithint.

## Airteagal 34
## Cinnteoireacht

1. Beidh Páirtí a dtagann gníomhaíocht phleanáilte atá faoina dhlínse nó faoina rialú freagrach as a chinneadh an bhféadfar dul ar aghaidh léi.

2. Agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh an bhféadfar dul ar aghaidh leis an ngníomhaíocht phleanáilte faoin gCuid seo, cuirfear san áireamh go hiomlán measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol arna dhéanamh de réir na Coda seo. Ní dhéanfar cinneadh an ghníomhaíocht phleanáilte atá faoi dhlínse nó rialú Páirtí a údarú ach amháin nuair a chinnfidh an Páirtí, agus bearta maolaithe nó bainistíochta á gcur san áireamh, go bhfuil gach iarracht réasúnta déanta aige chun a áirithiú gur féidir an ghníomhaíocht a dhéanamh ar bhealach atá i gcomhréir le drochthionchair mhóra ar an muirthimpeallacht a chosc.

3. Leagfar amach go soiléir sna doiciméid atá bainteach leis an gcinneadh aon choinníoll formheasa a bhaineann le bearta maolaithe agus ceanglais leantacha. Cuirfear na doiciméid atá bainteach leis an gcinneadh ar fáil go poiblí, lena n-áirítear tríd an Teach Imréitigh.

4. Arna iarraidh sin do Pháirtí, féadfaidh Comhdháil na bPáirtithe comhairle agus cúnamh a sholáthar don Pháirtí sin agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh an bhféadfar dul ar aghaidh le gníomhaíocht phleanáilte atá faoina dhlínse nó faoina rialú.

## Airteagal 35
## Faireachán ar thionchair gníomhaíochtaí údaraithe

Trí úsáid a bhaint as an eolaíocht agus an fhaisnéis eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus, i gcás ina mbeidh fáil air, eolas traidisiúnta ábhartha na bPobal Dúchasach agus áitiúil, coimeádfaidh na Páirtithe na tionchair atá ag aon ghníomhaíocht i

limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a cheadaíonn siad nó a mbíonn siad ina mbun faoi fhaireachas chun a chinneadh an dócha go ndéanfaidh na gníomhaíochtaí sin an mhuirthimpeallacht a thruailliú nó go mbeidh drochthionchair acu uirthi. Déanfaidh gach Páirtí go háirithe faireachán ar na tionchair chomhshaoil agus ar aon tionchar gaolmhar, amhail tionchair eacnamaíocha, shóisialta, chultúrtha agus tionchair ar shláinte an duine, ag gníomhaíocht údaraithe atá faoina dhlínse nó faoina rialú i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i bhformheas na gníomhaíochta.

## Airteagal 36
## Tuairisciú ar thionchair gníomhaíochtaí údaraithe

1. Bíodh na Páirtithe ag gníomhú ar bhonn indibhidiúil nó i dteannta a chéile, tuairisceoidh siad go tréimhsiúil ar thionchar na gníomhaíochta údaraithe agus ar thorthaí an fhaireacháin a cheanglaítear faoi airteagal 35.

2. Cuirfear tuarascálacha faireacháin ar fáil go poiblí, lena n-áirítear tríd an Teach Imréitigh, agus féadfaidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil na tuarascálacha faireacháin a bhreithniú agus a mheas.

3. Déanfaidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil tuarascálacha faireacháin a bhreithniú, ar bhonn na gcleachtas, na nósanna imeachta agus an eolais ábhartha faoin gComhaontú seo, chun treoirlínte a fhorbairt maidir le faireachán a dhéanamh ar thionchair gníomhaíochtaí údaraithe, lena n-áirítear dea-chleachtais a shainaithint.

## Airteagal 37
## Athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí údaraithe agus ar a dtionchar

1. Áiritheoidh na Páirtithe go ndéanfar athbhreithniú ar thionchair na gníomhaíochta údaraithe a ndéantar faireachán orthu de bhun airteagal 35.

2. I gcás ina n-aithneoidh an Páirtí a bhfuil an ghníomhaíocht faoina dhlínse nó faoina rialú drochthionchair mhóra nár tuaradh sa mheasúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol, is é sin nár tuaradh cineál nó déine a ndrochthionchar sin, nó drochthionchair mhóra a eascraíonn as sárú ar aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach i bhformheas na gníomhaíochta, déanfaidh an Páirtí athbhreithniú ar a chinneadh lena n-údaráitear an ghníomhaíocht, tabharfaidh sé fógra faoi sin do Chomhdháil na bPáirtithe, do na Páirtithe eile agus don phobal, lena n-áirítear tríd an Teach Imréitigh, agus:

(a) Ceanglóidh sé go ndéanfar bearta a mholadh agus a chur chun feidhme chun na tionchair sin a chosc, a mhaolú agus/nó a bhainistiú nó déanfaidh sé aon ghníomhaíocht eile is gá a dhéanamh agus/nó cuirfidh sé stop leis an ngníomhaíocht, de réir mar is iomchuí; agus

(b) Déanfaidh sé meastóireacht, go tráthúil, ar aon bheart a chuirtear chun feidhme nó ar aon ghníomhaíochtaí a dhéantar faoi fhomhír (a) thuas.

3. Ar bhonn na dtuarascálacha a gheofar faoi airteagal 36, féadfaidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil fógra a thabhairt don Pháirtí a d'údaraigh an ghníomhaíocht má mheasann sé go bhféadfadh drochthionchair mhóra a bheith ag an ngníomhaíocht nár tuaradh sa mheasúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol nó a eascraíonn as sárú ar aon choinníoll formheasa de chuid na gníomhaíochta údaraithe agus, de réir mar is iomchuí, féadfaidh sé moltaí a chur faoi bhráid an Pháirtí.

4. (a) Ar bhonn na heolaíochta agus na faisnéise eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil agus, i gcás ina mbeidh fáil air, eolas traidisiúnta ábhartha na bPobal Dúchasach agus áitiúil, féadfaidh Páirtí a chur in iúl don Pháirtí a d'údaraigh an ghníomhaíocht agus

PUBLIC

don Chomhlacht Eolaíoch agus Teicniúil, go bhfuil imní air go bhféadfadh drochthionchair mhóra a bheith ag an ngníomhaíocht údaraithe nár tuaradh sa mheasúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol, is é sin nár tuaradh cineál nó déine a ndrochthionchar sin, nó a eascraíonn as sárú ar aon choinníoll formheasa de chuid na gníomhaíochta údaraithe;

(b) Déanfaidh an Páirtí a d'údaraigh an ghníomhaíocht na húdair imní sin a bhreithniú;

(c) Tar éis don Chomhlacht Eolaíoch agus Teicniúil na húdair imní a chuir Páirtí in iúl a bhreithniú, déanfaidh sé an cheist a bhreithniú agus féadfaidh sé meastóireacht a dhéanamh orthu ar bhonn na heolaíochta agus na faisnéise eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil agus, i gcás ina mbeidh fáil air, ar eolas traidisiúnta ábhartha na bPobal Dúchasach agus áitiúil agus féadfaidh sé fógra a thabhairt don Pháirtí a d'údaraigh an ghníomhaíocht, má mheasann sé go bhféadfadh drochthionchair mhóra a bheith ag an ngníomhaíocht nár tuaradh sa mheasúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol nó a eascraíonn as sárú ar aon choinníoll formheasa de chuid na gníomhaíochta údaraithe agus, tar éis dó deis a thabhairt don Pháirtí sin freagra a thabhairt ar na húdair imní a cuireadh in iúl agus an freagra sin a chur san áireamh agus de réir mar is iomchuí, féadfaidh sé moltaí a chur faoi bhráid an Pháirtí a d'údaraigh an ghníomhaíocht;

(d) Cuirfear na húdair imní a cuireadh in iúl, aon fhógra a eisíodh agus aon mholadh a rinne an Chomhlacht Eolaíoch agus Teicniúil ar fáil go poiblí, lena n-áirítear tríd an Teach Imréitigh;

(e) Déanfaidh an Páirtí a d'údaraigh an ghníomhaíocht aon fhógra a eisíodh agus aon mholadh a rinne an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil a bhreithniú.

5. Coimeádfar na Stáit uile, go háirithe Stáit chósta máguaird agus aon Stát eile atá cóngarach don ghníomhaíocht nuair atá sé i measc na Stát is mó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, agus na páirtithe leasmhara ar an eolas tríd an Teach Imréitigh agus féadfar dul i gcomhairle leo mar chuid de na próisis faireacháin, tuairiscithe agus athbhreithnithe i leith gníomhaíocht a údaraítear faoin gComhaontú seo.

6. Foilseoidh na Páirtithe an méid seo a leanas, lena n-áirítear tríd an Teach Imréitigh:

(a) Tuarascálacha ar an athbhreithniú ar thionchair na gníomhaíochta údaraithe;

(b) Na doiciméid atá bainteach leis an gcinneadh, lena n-áirítear taifead ar na cúiseanna leis an gcinneadh ón bPáirtí, i gcás ina n-athróidh Páirtí a chinneadh lena n-údaraítear an ghníomhaíocht.

## Airteagal 38
## Caighdeáin agus/nó treoirlínte atá le forbairt ag an gComhlacht Eolaíoch agus Teicniúil a bhaineann le measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol

1. Forbróidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil caighdeáin nó treoirlínte lena mbreithniú agus lena nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) A chinneadh i dtaobh an ndearnadh na tairseacha maidir le scagadh nó measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol faoi airteagal 30 a dhéanamh a chomhlíonadh nó a shárú le haghaidh gníomhaíochtaí pleanáilte, lena n-áirítear ar bhonn na dtosca neamh-uileghabhálacha a leagtar amach i mír 2 den airteagal sin;

(b) Measúnú ar thionchair charnacha i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta agus conas ba cheart na tionchair sin a chur san áireamh sa phróiseas maidir le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol;

(c) Measúnú ar thionchair, i réimsí laistigh den dlínse náisiúnta, ag gníomhaíochtaí pleanáilte i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta agus conas ba cheart na tionchair sin a chur san áireamh sa phróiseas maidir le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol;

(d) An próiseas fógartha agus comhairliúcháin phoiblí faoi airteagal 32, lena n-áirítear a chinneadh céard is faisnéis rúnda nó dhílsithe ann;

(e) An méid is gá a bheith i dtuarascálacha ar mheasúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol agus an fhaisnéis fhoilsithe a úsáidtear sa phróiseas scagtha de bhun airteagal 33, lena n-áirítear dea-chleachtais;

(f) Faireachán agus tuairisciú ar thionchair na ngníomhaíochtaí údaraithe mar a leagtar amach in airteagail 35 agus 36, lena n-áirítear dea-chleachtais a shainaithint;

(g) Measúnuithe straitéiseacha comhshaoil a dhéanamh.

2. Ina theannta sin, féadfaidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil caighdeáin nó treoirlínte a fhorbairt lena mbreithniú agus lena nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) Liosta táscach neamh-uileghabhálach gníomhaíochtaí ar gá nó nach gá measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh ina leith, chomh maith le haon chritéar a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin, liosta a thabharfar cothrom le dáta go tréimhsiúil;

(b) Measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanfaidh na Páirtithe sa Chomhaontú seo i limistéir arna sainiú ina limistéir a éilíonn cosaint nó aird ar leith.

3. Leagfar aon chaighdeán amach in iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo, i gcomhréir le hairteagal 74.

## Airteagal 39
## Measúnuithe straitéiseacha comhshaoil

1. Cuimhneoidh na Páirtithe, ar bhonn indibhidiúil nó i gcomhar le Páirtithe eile, measúnuithe straitéiseacha comhshaoil a dhéanamh le haghaidh pleananna agus cláir a bhaineann le gníomhaíochtaí faoina ndlínse nó faoina rialú, a bheidh le déanamh i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí ar an muirthimpeallacht a d'fhéadfadh a bheith ag pleananna nó cláir den sórt sin, agus ag roghanna malartacha.

2. Féadfaidh Comhdháil na bPáirtithe measúnú straitéiseach comhshaoil a dhéanamh ar limistéar nó ar réigiún chun an fhaisnéis is fearr dá bhfuil ar fáil faoin limistéar nó faoin réigiún a chomhthiomsú agus a shintéisiú, chun measúnú a dhéanamh ar thionchair atá ann faoi láthair agus ar thionchair a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus chun bearnaí sonraí agus tosaíochtaí taighde a shainaithint.

3. Agus measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol á ndéanamh ag na Páirtithe de bhun na Coda seo, cuirfidh siad san áireamh torthaí na measúnuithe ábhartha straitéiseacha comhshaoil a dhéantar faoi mhíreanna 1 agus 2 thuas, i gcás ina mbeidh fáil orthu.

4. Forbróidh Comhdháil na bPáirtithe treoir maidir le gach catagóir measúnaithe straitéisigh comhshaoil a dtugtar tuairisc uirthi san airteagal seo.

# CUID V
# FOTHÚ ACMHAINNEACHTA AGUS TEICNEOLAÍOCHT MHUIRÍ A AISTRIÚ

PUBLIC

## Airteagal 40
## Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí na Coda seo:

(a) Cúnamh a thabhairt do na Páirtithe, go háirithe na Páirtithe is Stáit i mbéal forbartha, forálacha an Chomhaontaithe seo a chur chun feidhme, chun a chuspóirí a bhaint amach;

(b) Comhar agus rannpháirtíocht chuimsitheach, chothromasach agus éifeachtach sna gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gComhaontú seo a chumasú;

(c) An acmhainneacht eolaíoch agus theicneolaíoch mhuirí, lena n-áirítear maidir le taighde, atá ag na Páirtithe, go háirithe na Páirtithe is Stáit i mbéal forbartha, a fhorbairt, maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, lena n-áirítear trí rochtain a bheith ag na Páirtithe is Stáit i mbéal forbartha ar theicneolaíocht mhuirí agus teicneolaíocht mhuirí a aistriú chucu;

(d) Eolas faoi chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a mhéadú, a scaipeadh agus a chomhroinnt;

(e) Le bheith níos cruinne, tacú leis na Páirtithe is Stáit i mbéal forbartha, go háirithe na tíortha is lú forbairt, tíortha talamhiata i mbéal forbartha, Stáit faoi mhíbhuntáiste geografach, Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, Stáit chósta de chuid na hAfraice, Stáit oileánracha agus tíortha meánioncaim i mbéal forbartha, trí fhothú acmhainneachta agus teicneolaíocht mhuirí a fhorbairt agus a aistriú faoin gComhaontú seo, chun na cuspóirí a bhaineann leis na nithe seo a leanas a bhaint amach:

(i) Acmhainní géiniteacha muirí, lena n-áirítear tairbhí a chomhroinnt, mar a léirítear in airteagal 9;

(ii) Bearta amhail uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, mar a léirítear in airteagal 17;

(iii) Measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol, mar a léirítear in airteagal 27.

## Airteagal 41
## Comhar i bhfothú acmhainneachta agus teicneolaíocht mhuirí a aistriú

1. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar le chéile, go díreach nó trí ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála, chun cúnamh a thabhairt do na Páirtithe, go háirithe na Páirtithe is Stáit i mbéal forbartha, cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach trí fhothú acmhainneachta agus trí eolaíocht mhuirí agus teicneolaíocht mhuirí a fhorbairt agus a aistriú.

2. Agus fothú acmhainneachta agus aistriú teicneolaíochta muirí á soláthar faoin gComhaontú seo, rachaidh na Páirtithe i gcomhar le chéile ar gach leibhéal agus ar gach bealach, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile, comhpháirtíochtaí a nglacfaidh na páirtithe leasmhara ábhartha uile

páirt iontu, páirtithe leasmhara amhail, i gcás inarb iomchuí, an earnáil phríobháideach, an tsochaí shibhialta, agus Pobail Dhúchasacha agus áitiúla mar shealbhóirí eolais thraidisiúnta, agus trí chomhar agus comhordú a neartú idir ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála.

3. Agus éifeacht á tabhairt don Chuid seo, tabharfaidh na Páirtithe aitheantas iomlán do riachtanais speisialta na bPáirtithe is Stáit i mbéal forbartha, go háirithe na tíortha is lú forbairt, tíortha talamhiata i mbéal forbartha, Stáit faoi mhíbhuntáiste geografach, Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, Stáit chósta de chuid na hAfraice, Stáit oileánracha agus tíortha meánioncaim i mbéal forbartha. Áiritheoidh na Páirtithe nach mbraithfidh soláthar an fhothaithe acmhainneachta agus aistriú teicneolaíochta muirí ar cheanglais tuairiscithe dhochraideacha.

## Airteagal 42
## Módúlachtaí maidir le fothú acmhainneachta agus teicneolaíocht mhuirí a aistriú

1. Áiritheoidh na bPáirtithe, a mhéid is féidir, fothú acmhainneachta le haghaidh na bPáirtithe is Stáit i mbéal forbartha agus rachaidh siad i gcomhar le chéile chun aistriú teicneolaíochta muirí a bhaint amach, go háirithe chuig na Páirtithe is Stáit i mbéal forbartha a mbeidh gá acu léi agus a iarrfaidh í, agus imthosca speisialta na Stát oileánach beag i mbéal forbartha agus na dtíortha is lú forbairt á gcur san áireamh, i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo.

2. Soláthróidh na Páirtithe, a mhéid is féidir, acmhainní chun tacú leis an bhfothú acmhainneachta sin agus leis an aistriú agus forbairt teicneolaíochta muirí sin agus chun rochtain ar fhoinsí eile tacaíochta a éascú, agus a mbeartais, a dtosaíochtaí, a bpleananna agus a gcláir náisiúnta á gcur san áireamh.

3. Ba cheart fothú acmhainneachta agus aistriú teicneolaíochta muirí a bheith ina phróiseas atá faoi stiúir na dtíortha, trédhearcach, éifeachtach, atriallach, rannpháirteach, trasearnálach agus freagrúil ó thaobh inscne de. Cuirfidh sé leis na cláir atá ann cheana, de réir mar is iomchuí, gan dúbláil orthu agus beidh sé faoi threoir na gceachtanna a foghlaimíodh, lena n-áirítear na ceachtanna ó ghníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta agus aistrithe teicneolaíochta muirí faoi ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála. A mhéid is féidir, leis an méid sin, cuirfear san áireamh na gníomhaíochtaí sin d’fhonn éifeachtúlacht agus torthaí a uasmhéadú.

4. Beidh fothú acmhainneachta agus aistriú teicneolaíochta muirí bunaithe ar riachtanais agus tosaíochtaí na bPáirtithe is Stáit i mbéal forbartha agus beidh siad freagrúil do na riachtanais agus na tosaíochtaí sin, agus imthosca speisialta na Stát oileánach beag i mbéal forbartha agus na dtíortha is lú forbairt á gcur san áireamh, arna sainaithint trí mheasúnuithe ar riachtanais ar bhonn aonair cás ar chás, foréigiúnach nó réigiúnach. Na riachtanais agus tosaíochtaí sin, féadfar féinmheasúnú a dhéanamh ina leith, nó féadfar iad a éascú tríd an gcoiste um fhothú acmhainneachta agus um theicneolaíocht mhuirí a aistriú agus an Teach Imréitigh.

## Airteagal 43
## Módúlachtaí breise maidir le teicneolaíocht mhuirí a aistriú

1. Tá an fhís fhadtéarmach chéanna ag na Páirtithe maidir lena thábhachtaí atá sé forbairt agus aistriú teicneolaíochta a réadú go hiomlán le haghaidh comhar agus

rannpháirtíocht chuimsitheach chothromasach éifeachtach sna gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gComhaontú seo agus chun a chuspóirí a bhaint amach go hiomlán.

2. Déanfar aistriú teicneolaíochta muirí a dhéantar faoin gComhaontú seo ar théarmaí córa agus ar na téarmaí is fabhraí, lena n-áirítear ar théarmaí lamháltais agus fabhracha, agus i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha arna gcomhaontú go frithpháirteach chomh maith le cuspóirí an Chomhaontaithe seo.

3. Déanfaidh na Páirtithe coinníollacha eacnamaíocha agus dlíthiúla a chur chun cinn agus a spreagadh chun teicneolaíocht mhuirí a aistriú chuig na Páirtithe is Stáit i mbéal forbartha, agus imthosca speisialta na Stát oileánach beag i mbéal forbartha agus na dtíortha is lú forbairt á gcur san áireamh, agus féadfar a bheith i gceist leis sin dreasachtaí a sholáthar d'fhiontair agus d'institiúidí.

4. Cuirfear san áireamh le haistriú teicneolaíochta muirí gach ceart maidir le teicneolaíochtaí den sórt sin agus déanfar é agus aird chuí á tabhairt ar gach leas dlisteanach, lena n-áirítear, inter alia, cearta agus dualgais sealbhóirí, soláthróirí agus faighteoirí teicneolaíochta muirí agus aird ar leith á tabhairt ar leasanna agus riachtanais na Stát atá i mbéal forbartha chun cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach.

5. Beidh teicneolaíocht mhuirí a aistrítear de bhun na Coda seo iomchuí, ábhartha agus, a mhéid is féidir, iontaofa, inacmhainne, cothrom le dáta, fónta ó thaobh an chomhshaoil agus ar fáil i bhfoirm a mbeidh rochtain ag na Páirtithe is Stáit i mbéal forbartha uirthi, agus imthosca speisialta na Stát oileánach beag i mbéal forbartha agus na dtíortha is lú forbairt á gcur san áireamh.

## Airteagal 44
## Cineálacha fothaithe acmhainneachta agus aistrithe teicneolaíochta muirí

1. Chun tacú leis na cuspóirí a leagtar amach in airteagal 40, féadfar a áireamh sna cineálacha fothaithe acmhainneachta agus aistrithe teicneolaíochta muirí tacaíocht chun cumais dhaonna, bainistíochta airgeadais, eolaíocha, theicneolaíocha, eagrúcháin, institiúideacha agus acmhainní eile na bPáirtithe a chruthú nó a fheabhsú, amhail na nithe seo a leanas, gan bheith teoranta dóibh:

(a) Comhroinnt agus úsáid sonraí, faisnéise, eolais agus torthaí taighde ábhartha;

(b) Scaipeadh faisnéise agus múscailt feasachta, lena n-áirítear i dtaca le heolas traidisiúnta ábhartha na bPobal Dúchasach agus áitiúil, i gcomhréir le toiliú saor feasach roimh ré na bPobal Dúchasach sin agus, de réir mar is iomchuí, na bpobal áitiúil sin;

(c) Bonneagar ábhartha a fhorbairt agus a neartú, lena n-áirítear trealamh agus cumas an phearsanra lena úsáid agus lena chothabháil;

(d) Cumas institiúideach agus creataí nó sásraí rialála náisiúnta a fhorbairt agus a neartú;

(e) Cumais acmhainní daonna agus cumais acmhainní bainistithe airgeadais agus saineolas teicniúil a fhorbairt agus a neartú trí mhalartuithe, comhoibriú taighde, tacaíocht theicniúil, oideachas agus oiliúint agus aistriú teicneolaíochta muirí;

(f) Lámhleabhair, treoirlínte agus caighdeáin a fhorbairt agus a chomhroinnt;

(g) Cláir theicniúla, eolaíocha agus thaighde agus forbartha a fhorbairt;

(h) Acmhainneachtaí agus uirlisí teicneolaíochta a fhorbairt agus a neartú chun faireachán, rialú agus faireachas éifeachtach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo.

2. Leagtar amach in Iarscríbhinn II tuilleadh sonraí maidir leis na cineálacha fothaithe acmhainneachta agus aistrithe teicneolaíochta muirí a shainaithnítear san airteagal seo.

3. Maidir leis an liosta táscach neamh-uileghabhálach de chineálacha fothaithe acmhainneachta agus aistrithe teicneolaíochta muirí a fhorbraítear Iarscríbhinn II, déanfaidh Comhdháil na bPáirtithe, agus moltaí an choiste um fhothú acmhainneachta agus um theicneolaíocht mhuirí a aistriú á gcur san áireamh aici, go tréimhsiúil, de réir mar is gá, athbhreithniú, measúnú agus forbairt bhreise ar an liosta sin agus treoir a sholáthar ina thaobh, chun dul chun cinn teicneolaíoch agus nuálaíocht a léiriú agus chun freagra a thabhairt ar riachtanais athraitheacha Stát, foréigiún agus réigiún, agus chun oiriúnú dóibh.

## Airteagal 45
## Faireachán agus athbhreithniú

1. Déanfar faireachán agus athbhreithniú tréimhsiúil ar fhothú acmhainneachta agus an t-aistriú teicneolaíochta muirí a dhéanfar i gcomhréir le forálacha na Coda seo.

2. Is é an coiste um fhothú acmhainneachta agus um theicneolaíocht mhuirí a aistriú faoi údarás Chomhdháil na bPáirtithe a dhéanfaidh an faireachán agus an t-athbhreithniú dá dtagraítear i mír 1 thuas agus díreofar iontu ar na nithe seo a leanas:

(a) Measúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais agus tosaíochtaí na bPáirtithe is Stáit i mbéal forbartha i dtéarmaí fothaithe acmhainneachta agus aistrithe teicneolaíochta muirí, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais speisialta na bPáirtithe is Stáit i mbéal forbartha agus ar imthosca speisialta Stát oileánach beag i mbéal forbartha agus na dtíortha is lú forbairt, de réir airteagal 42, mír 4;

(b) Athbhreithniú a dhéanamh ar an tacaíocht is gá, arna soláthar agus arna slógadh, agus ar bhearnaí i bhfreastal ar riachtanais mheasúnaithe na bPáirtithe is Stáit i mbéal forbartha i ndáil leis an gComhaontú seo;

(c) Cistí a shainaithint agus a shlógadh faoin sásra airgeadais arna bhunú faoi airteagal 52 chun fothú acmhainneachta agus aistriú teicneolaíochta muirí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear chun measúnuithe ar riachtanais a dhéanamh;

(d) Feidhmíocht a thomhas ar bhonn táscairí comhaontaithe agus athbhreithniú a dhéanamh ar anailísí bunaithe ar thorthaí, lena n-áirítear ar aschur, torthaí, dul chun cinn agus éifeachtacht na fothaithe acmhainneachta agus aistrithe teicneolaíochta muirí faoin gComhaontú seo, chomh maith le nithe ar éiríodh leo agus dúshláin;

(e) Moltaí a dhéanamh le haghaidh gníomhaíochtaí leantacha, lena n-áirítear maidir leis an mbealach a bhféadfaí fothú acmhainneachta agus aistriú teicneolaíochta muirí a fheabhsú a thuilleadh chun go bhféadfadh na Páirtithe is Stáit i mbéal forbartha, agus imthosca speisialta na Stát oileánach beag i mbéal forbartha agus na dtíortha is lú forbairt á gcur san áireamh, cur chun feidhme an Chomhaontaithe a neartú chun a chuspóirí a bhaint amach.

3. Agus iad ag tacú le faireachán agus athbhreithniú ar fhothú acmhainneachta agus aistriú teicneolaíochta muirí, cuirfidh na Páirtithe tuarascálacha faoi bhráid an

choiste um fhothú acmhainneachta agus um theicneolaíocht mhuirí a aistriú. Ba cheart na tuarascálacha sin a bheith i bhformáid agus ag eatraimh atá le cinneadh ag Comhdháil na bPáirtithe, agus moltaí an choiste um fhothú acmhainneachta agus um theicneolaíocht mhuirí a aistriú á gcur san áireamh. Agus tuarascálacha á gcur isteach ag na Páirtithe, cuirfidh siad san áireamh, i gcás inarb infheidhme, ionchur ó chomhlachtaí réigiúnacha agus foréigiúnacha maidir le fothú acmhainneachta agus aistriú teicneolaíochta muirí. Ba cheart na tuarascálacha arna gcur isteach ag Páirtithe, chomh maith le haon ionchur ó chomhlachtaí réigiúnacha agus foréigiúnacha maidir le fothú acmhainneachta agus aistriú teicneolaíochta muirí, a chur ar fáil go poiblí. Áiritheoidh Comhdháil na bPáirtithe gur cheart ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú agus gan bheith dochraideach, go háirithe maidir leis na Páirtithe is Stáit i mbéal forbartha, lena n-áirítear i dtéarmaí costas agus ceanglas ama.

### Airteagal 46
### Coiste um fhothú acmhainneachta agus um theicneolaíocht mhuirí a aistriú

1. Bunaítear leis seo coiste um fhothú acmhainneachta agus um theicneolaíocht mhuirí a aistriú.

2. Is éard a bheidh sa choiste comhaltaí a mbeidh cáilíochtaí agus saineolas iomchuí acu, chun seirbhís a dhéanamh go hoibiachtúil chun leasa an Chomhaontaithe, ar comhaltaí iad a ndéanfaidh na Páirtithe iad a ainmniú agus a ndéanfaidh Comhdháil na bPáirtithe iad a thoghadh, agus an chothromaíocht inscne agus an dáileadh geografach cothromasach á gcur san áireamh agus lena ndéanfar foráil maidir le hionadaíocht ar an gcoiste ó na tíortha is lú forbairt, ó na Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha agus ó na tíortha talamhiata i mbéal forbartha. Cinnfidh Comhdháil na bPáirtithe na téarmaí tagartha agus na módúlachtaí le haghaidh oibriú an choiste ag an gcéad chruinniú a bheidh aici.

3. Cuirfidh an coiste tuarascálacha agus moltaí isteach a ndéanfaidh Comhdháil na bPáirtithe iad a bhreithniú agus gníomh a dhéanamh ina leith de réir mar is iomchuí.

## CUID VI
## SOCRUITHE INSTITIÚIDEACHA

### Airteagal 47
### Comhdháil na bPáirtithe

1. Bunaítear leis seo Comhdháil na bPáirtithe.

2. Comórfaidh Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe an chéad chruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis don Chomhaontú seo teacht i bhfeidhm. Ina dhiaidh sin, tionólfar gnáthchruinnithe de Chomhdháil na bPáirtithe go tráthrialta mar a chinnfidh Comhdháil na bPáirtithe. Féadfar cruinnithe urghnácha de Chomhdháil na bPáirtithe a thionól ag tráthanna eile, i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta.

3. Tiocfaidh Comhdháil na bPáirtithe le chéile de ghnáth ag suíomh na rúnaíochta nó ag Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe.

4. Glacfaidh Comhdháil na bPáirtithe, de chomhthoil, ag a céad chruinniú, rialacha nós imeachta di féin agus dá fochomhlachtaí, rialacha airgeadais lena rialófar a cistiú agus cistiú na rúnaíochta agus aon fhochomhlachta agus, ina dhiaidh sin, rialacha nós imeachta agus rialacha airgeadais i gcomhair aon fhochomhlacht eile a d'fhéadfadh

sí a bhunú. Go dtí go nglacfar na rialacha nós imeachta, beidh feidhm ag rialacha nós imeachta na comhdhála idir-rialtasaí ar ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige i dtaca le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.

5. Déanfaidh Comhdháil na bPáirtithe gach iarracht cinntí agus moltaí a ghlacadh de chomhthoil. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, i gcás nach n-éireoidh le haon iarracht comhthoil a bhaint amach, glacfaidh tromlach dhá thrian de na Páirtithe a bheidh i láthair agus a chaithfidh vóta cinntí agus moltaí ó Chomhdháil na bPáirtithe maidir le ceisteanna substainte, agus glacfaidh tromlach na bPáirtithe a bheidh i láthair agus a chaithfidh vóta cinntí maidir le ceisteanna nós imeachta.

6. Déanfaidh Comhdháil na bPáirtithe athbhreithniú agus meastóireacht leanúnach ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus, chun na críche sin, déanfaidh sí an méid seo a leanas:

(a) Cinntí agus moltaí a ghlacadh a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo;

(b) Malartú faisnéise i measc Páirtithe atá ábhartha maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a athbhreithniú agus a éascú;

(c) An comhar agus an comhordú a chur chun cinn le hionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála agus ina measc, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí phróisis iomchuí a bhunú, d’fhonn an comhleanúnachas a chur chun cinn idir na hiarrachtaí an bhithéagsúlacht mhuirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe;

(d) Fochomhlachtaí den sórt sin a bhunú a mheastar is gá chun tacú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo;

(e) Buiséad a ghlacadh trí thromlach trí cheathrú de na Páirtithe a bheidh i láthair agus a chaithfidh vóta i gcás nach n-éireoidh le haon iarracht comhthoil a bhaint amach, ar cibé minicíocht agus ar feadh cibé tréimhse airgeadais a chinnfidh sí;

(f) Feidhmeanna eile a dhéanamh a shainaithnítear sa Chomhaontú seo nó de réir mar is gá chun é a chur chun feidhme.

7. Féadfaidh Comhdháil na bPáirtithe cinneadh a dhéanamh iarraidh ar an mBinse Idirnáisiúnta um Dhlí na Mara tuairim chomhairleach a thabhairt maidir le ceist dhlíthiúil i dtaobh togra os comhair Chomhdháil na bPáirtithe a bheith i gcomhréir leis an gComhaontú seo i dtaobh aon ní laistigh dá inniúlacht. Ní lorgófar iarraidh ar thuairim chomhairleach maidir le hábhar laistigh d’inniúlachtaí comhlachtaí domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha nó earnála eile, ná maidir le hábhar lenar gá go mbainfeadh breithniú comhthráthach ar aon díospóid a bhaineann le ceannasacht nó cearta eile ar chríoch talún ilchríochach nó oileánach nó ar éileamh ina leith sin, ná ar stádas dlíthiúil limistéir mar atá laistigh den dlínse náisiúnta. Sonrófar san iarraidh raon feidhme na ceiste dlíthiúla ar a n-iarrtar an tuairim chomhairleach. Féadfaidh Comhdháil na bPáirtithe a iarraidh go dtabharfaí an tuairim sin mar ábhar práinne.

8. Laistigh de 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus ina dhiaidh sin ag eatraimh a chinnfidh sí, déanfaidh Comhdháil na bPáirtithe measúnú agus athbhreithniú ar leordhóthanacht agus éifeachtacht fhorálacha an Chomhaontaithe seo agus, más gá, molfaidh sí modhanna chun cur chun feidhme na

bhforálacha sin a neartú chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.

## Airteagal 48
## Trédhearcacht

1. Cuirfidh Comhdháil na bPáirtithe an trédhearcacht chun cinn i bpróisis chinnteoireachta agus i ngníomhaíochtaí eile a dhéanfar faoin gComhaontú seo.

2. Beidh cruinnithe uile Chomhdháil na bPáirtithe agus a fochomhlachtaí oscailte do bhreathnóirí a bheidh rannpháirteach i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta mura gcinnfidh Comhdháil na bPáirtithe a mhalairt. Coimeádfaidh agus foilseoidh Comhdháil na bPáirtithe taifead poiblí ar a cinntí.

3. Déanfaidh Comhdháil na bPáirtithe trédhearcacht i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a chur chun cinn, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí fhaisnéis a scaipeadh go poiblí agus trí éascú a dhéanamh ar rannpháirtíocht comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnálacha, Pobal Dúchasach agus áitiúil a bhfuil eolas traidisiúnta ábhartha acu, an phobail eolaíochta, na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, agus dul i gcomhairle leo, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo.

4. Féadfaidh ionadaithe ó Stáit nach páirtithe iad sa Chomhaontú seo, comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála, Pobail Dhúchasacha agus áitiúla a bhfuil eolas traidisiúnta ábhartha acu, an pobal eolaíochta, an tsochaí shibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile a bhfuil leas acu in ábhair a bhaineann le Comhdháil na bPáirtithe a iarraidh páirt a ghlacadh mar bhreathnóirí i gcruinnithe Chomhdháil na bPáirtithe agus a fochomhlachtaí. Déanfar foráil i rialacha nós imeachta Chomhdháil na bPáirtithe maidir le módúlachtaí le haghaidh na rannpháirtíochta sin agus ní bheidh siad sriantach go míchuí ina leith sin. Déanfar foráil sna rialacha nós imeachta freisin maidir le rochtain thráthúil a bheith ag na hionadaithe sin ar an bhfaisnéis ábhartha uile.

## Airteagal 49
## An Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil

1. Bunaítear leis seo Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil.

2. Beidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil comhdhéanta de chomhaltaí a bheidh ag fónamh ina gcáil mar shaineolaithe agus chun leas an Chomhaontaithe, arna n-ainmniú ag na Páirtithe agus arna dtoghadh ag Comhdháil na bPáirtithe, a mbeidh cáilíochtaí oiriúnacha acu, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le saineolas ildisciplíneach, lena n-áirítear eolas traidisiúnta ábhartha na bPobal Dúchasach agus áitiúil, ar chothromaíocht inscne agus ar ionadaíocht chothromasach gheografach. Ag a céad chruinniú is í Comhdháil na bPáirtithe a chinnfidh téarmaí tagartha agus módúlachtaí oibriú an Chomhlachta Eolaíoch agus Theicniúil, lena n-áirítear a phróiseas roghnúcháin agus téarmaí shainorduithe na gcomhaltaí.

3. Féadfaidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil leas a bhaint as comhairle iomchuí a eascraíonn as ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála, agus as eolaithe agus saineolaithe eile chomh maith, de réir mar is gá.

4. Faoi údarás agus faoi threoir Chomhdháil na bPáirtithe, agus an saineolas ildisciplíneach dá dtagraítear i mír 2 thuas á chur san áireamh, soláthróidh an Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil comhairle eolaíoch agus theicniúil do Chomhdháil

na bPáirtithe, comhlíonfaidh sé na feidhmeanna a shanntar dó faoin gComhaontú seo agus cibé feidhmeanna eile a chinnfidh Comhdháil na bPáirtithe agus soláthróidh sé tuarascálacha do Chomhdháil na bPáirtithe maidir lena chuid oibre.

PUBLIC

## Airteagal 50
## An rúnaíocht

1. Bunaítear rúnaíocht leis seo. Déanfaidh Comhdháil na bPáirtithe, ag a céad chruinniú, socruithe maidir le feidhmiú na rúnaíochta, lena n-áirítear cinneadh a dhéanamh maidir lena suíomh.

2. Go dtí go dtosóidh an rúnaíocht ar a feidhmeanna, déanfaidh Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, tríd an Rannán um Ghnóthaí Aigéin agus Dlí na Farraige in Oifig Gnóthaí Dlíthiúla Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe, feidhmeanna na rúnaíochta faoin gComhaontú seo.

3. Féadfaidh an rúnaíocht agus an Stát óstach comhaontú ceanncheathrún a thabhairt i gcrích. Beidh inniúlacht dhlíthiúil ag an rúnaíocht i gcríoch an Stáit óstaigh agus tabharfaidh an Stát óstach cibé pribhléidí agus díolúintí di is gá chun a feidhmeanna a fheidhmiú.

4. Déanfaidh an Rúnaíocht an méid seo a leanas:

(a) Tacaíocht riaracháin agus lóistíochta a sholáthar do Chomhdháil na bPáirtithe agus dá fochomhlachtaí chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme;

(b) Cruinnithe Chomhdháil na bPáirtithe agus aon chomhlacht eile a bhunófar faoin gComhaontú seo nó a bhunóidh Comhdháil na bPáirtithe a shocrú agus a sheirbhísiú;

(c) Faisnéis a scaipeadh go tráthúil a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear cinntí ó Chomhdháil na bPáirtithe a chur ar fáil go poiblí agus iad a tharchur chuig na Páirtithe uile, agus chomh maith leis sin chuig ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála;

(d) Comhar agus comhordú a éascú, de réir mar is iomchuí, leis an rúnaíocht i gcomhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha eile agus, go háirithe, dul i mbun cibé socruithe riaracháin agus conarthacha is gá chun na críche sin agus chun a feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach, faoi réir a fhormheasta ag Comhdháil na bPáirtithe;

(e) Tuarascálacha a ullmhú maidir le forghníomhú a feidhmeanna faoin gComhaontú seo agus iad a chur faoi bhráid Chomhdháil na bPáirtithe;

(f) Cúnamh a thabhairt chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme agus cibé feidhmeanna eile a chomhlíonadh a chinnfidh Comhdháil na bPáirtithe nó a shannfar di faoin gComhaontú seo.

## Airteagal 51
## Teach Imréitigh

1. Bunaítear leis seo Teach Imréitigh.

2. Is ardán rochtana oscailte go príomha a bheidh sa Teach Imréitigh. Is í Comhdháil na bPáirtithe a chinnfidh na módúlachtaí sonracha le haghaidh oibriú an Tí Imréitigh.

3. Déanfar an méid seo a leanas sa Teach Imréitigh:

(a) Fónamh mar ardán lárnach chun é a chur ar a gcumas do Pháirtithe faisnéis a rochtain, a sholáthar agus a scaipeadh maidir le gníomhaíochtaí a tharlaíonn de bhun fhorálacha an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(i) Acmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, mar a leagtar amach i gCuid II den Chomhaontú seo;

(ii) Bunú agus cur chun feidhme uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint;

(iii) Measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol;

(iv) Iarrataí ar fhothú acmhainneachta agus aistriú teicneolaíochta muirí agus deiseanna ina leith sin, lena n-áirítear comhar taighde agus deiseanna oiliúna, faisnéis maidir le foinsí agus infhaighteacht faisnéise teicneolaíche agus sonraí chun teicneolaíocht mhuirí a aistriú, deiseanna le haghaidh rochtain éascaithe ar theicneolaíocht mhuirí agus infhaighteacht cistiúcháin;

(b) Éascú a dhéanamh ar riachtanais maidir le fothú acmhainneachta a mheaitseáil leis an tacaíocht atá ar fáil agus le soláthraithe chun teicneolaíocht mhuirí a aistriú, lena n-áirítear eintitis rialtasacha, neamhrialtasacha nó phríobháideacha a bhfuil suim acu a bheith rannpháirteach mar dheontóirí in aistriú na teicneolaíochta muirí, agus rochtain ar fhios gnó agus saineolas gaolmhar a éascú;

(c) Naisc a sholáthar chuig Tithe Imréitigh ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha, náisiúnta agus earnála agus chuig bainc géinte, stórtha agus bunachair sonraí eile, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le heolas traidisiúnta ábhartha na bPobal Dúchasach agus áitiúil, agus naisc a chur chun cinn, i gcás inar féidir, le hardáin phríobháideacha agus neamhrialtasacha atá ar fáil go poiblí chun faisnéis a mhalartú;

(d) Cur le hinstitiúidí imréitigh domhanda, réigiúnacha agus foréigiúnacha, i gcás inarb infheidhme, agus sásraí réigiúnacha agus foréigiúnacha á mbunú faoin sásra domhanda;

(e) Trédhearcacht fheabhsaithe a chothú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí éascú a dhéanamh ar shonraí bonnlíne comhshaoil agus faisnéis a bhaineann le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a chomhroinnt idir Páirtithe agus páirtithe leasmhara ábhartha eile;

(f) An comhar agus an comhoibriú idirnáisiúnta a éascú, lena n-áirítear an comhar agus an comhoibriú eolaíoch agus teicniúil;

(g) Cibé feidhmeanna eile a chomhlíonadh a chinnfidh Comhdháil na bPáirtithe nó a shannfar di faoin gComhaontú seo.

4. Déanfaidh an rúnaíocht an Teach Imréitigh a bhainistiú, gan dochar don chomhar a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála eile mar a chinnfidh Comhdháil na bPáirtithe, lena n-áirítear Coimisiún Idir-Rialtasach Aigéaneolaíochta Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe, an tÚdarás Idirnáisiúnta um Ghrinneall na Farraige, an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta agus Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe.

5. Agus an Teach Imréitigh á bhainistiú, tabharfar aitheantas iomlán do cheanglais speisialta na bPáirtithe is Stáit i mbéal forbartha, chomh maith le himthosca speisialta na bPáirtithe is Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, agus éascófar a rochtain ar an sásra chun é a chur ar a gcumas do na Stáit sin é a úsáid gan bacainní míchuí ná ualaí riaracháin. Áireofar faisnéis maidir le gníomhaíochtaí chun comhroinnt

PUBLIC

faisnéise, múscailt feasachta agus scaipeadh sna Stáit sin agus leis na Stáit sin a chur chun cinn, chomh maith le cláir shonracha a sholáthar do na Stáit sin.

6. Déanfar rúndacht na faisnéise a sholáthraítear faoin gComhaontú seo agus na cearta ina leith a urramú. Ní léireofar aon ní faoin gComhaontú seo mar ní lena gceanglaítear faisnéis a chomhroinnt atá cosanta ar nochtadh faoi dhlí intíre Páirtí nó faoi dhlí eile is infheidhme.

# CUID VII
# ACMHAINNÍ AIRGEADAIS AGUS SÁSRA AIRGEADAIS

## Airteagal 52
## Cistiú

1. Soláthróidh gach Páirtí, a mhéid is féidir, acmhainní i leith na ngníomhaíochtaí sin atá beartaithe chun cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach, agus a bheartais, a thosaíochtaí, a phleananna agus a chláir náisiúnta á gcur san áireamh.

2. Déanfar na hinstitiúidí arna mbunú faoin gComhaontú seo a chistiú trí ranníocaíochtaí measúnaithe na bPáirtithe.

3. Bunaítear leis seo sásra chun acmhainní airgeadais leordhóthanacha inrochtana nua breise intuartha a sholáthar faoin gComhaontú seo. Tabharfaidh an sásra cúnamh do Pháirtithe is Stáit i mbéal forbartha i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chistiú chun tacú le fothú acmhainneachta agus le haistriú teicneolaíochta muirí, agus comhlíonfaidh sé feidhmeanna eile mar a leagtar amach san airteagal seo chun an bhithéagsúlacht mhuirí a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe.

4. Cuimseofar an méid seo a leanas sa sásra:

(a) Ciste iontaobhais deonach arna bhunú ag Comhdháil na bPáirtithe chun rannpháirtíocht ionadaithe ó Pháirtithe is Stáit i mbéal forbartha, go háirithe na tíortha is lú forbairt, tíortha talamhiata i mbéal forbartha agus Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha a éascú, i gcruinnithe na gcomhlachtaí a bhunaítear faoin gComhaontú seo;

(b) Ciste speisialta a chisteofar trí na foinsí seo a leanas:

(i) Ranníocaíochtaí bliantúla i gcomhréir le hairteagal 14, mír 6;

(ii) Ranníocaíochtaí bliantúla i gcomhréir le hairteagal 14, mír 7;

(iii) Ranníocaíochtaí breise ó Pháirtithe agus ó eintitis phríobháideacha ar mian leo acmhainní airgeadais a chur ar fáil chun tacú le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta;

(c) Ciste Iontaobhais Áise do Thimpeallacht na Cruinne.

5. Féadfaidh Comhdháil na bPáirtithe a bhreithniú an bhféadfaí cistí breise a bhunú, mar chuid den sásra airgeadais, chun tacú le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, chun athshlánú agus athbhunú éiceolaíoch na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a mhaoiniú.

6. Úsáidfear an ciste speisialta agus Ciste Iontaobhais Áise do Thimpeallacht na Cruinne chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Tionscadail fothaithe acmhainneachta a chistiú faoin gComhaontú seo, lena n-áirítear tionscadail éifeachtacha maidir le caomhnú agus úsáid

inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí agus gníomhaíochtaí agus cláir, lena n-áirítear oiliúint a bhaineann le teicneolaíocht mhuirí a aistriú;

(b) Cúnamh a thabhairt do Pháirtithe is Stáit i mbéal forbartha an Comhaontú seo a chur chun feidhme;

(c) Tacú le cláir chaomhnúcháin agus úsáide inbhuanaithe ag Pobail Dhúchasacha agus áitiúla mar shealbhóirí eolais thraidisiúnta;

(d) Tacú le comhairliúcháin phoiblí ar an leibhéal náisiúnta, foréigiúnach agus réigiúnach;

(e) Aon ghníomhaíocht eile a dhéantar a chistiú de réir mar a chinnfidh Comhdháil na bPáirtithe.

7. Leis an sásra airgeadais ba cheart féachaint lena áirithiú go seachnófar dúbláil, agus go gcuirfear an comhlántacht agus an comhleanúnachas chun cinn, i measc úsáid na gcistí laistigh den sásra.

8. Féadfar a áireamh ar na hacmhainní airgeadais a shlógtar chun tacú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo cistiú a sholáthraítear trí fhoinsí poiblí agus príobháideacha, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta do, ranníocaíochtaí ó Stáit, ó institiúidí airgeadais idirnáisiúnta, ó shásraí cistiúcháin atá ann cheana faoi ionstraimí domhanda agus réigiúnacha, ó ghníomhaireachtaí deontóra, ó eagraíochtaí idir-rialtasacha, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ó dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, agus trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí.

9. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, feidhmeoidh an sásra faoi údarás, i gcás inarb iomchuí, agus faoi threoir Chomhdháil na bPáirtithe agus beidh sé freagrach di. Soláthróidh Comhdháil na bPáirtithe treoir maidir le straitéisí foriomlána, beartais, tosaíochtaí clár agus incháilitheacht chun rochtain a fháil ar acmhainní airgeadais agus iad a úsáid.

10. Tiocfaidh Comhdháil na bPáirtithe agus an Áis do Thimpeallacht na Cruinne ar chomhaontú maidir le socruithe chun éifeacht a thabhairt do na míreanna thuas ag an gcéad chruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe.

11. Mar aitheantas ar an bpráinn a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, cinnfidh Comhdháil na bPáirtithe sprioc thosaigh maidir le slógadh acmhainní go dtí deireadh 2030 don chiste speisialta ó gach foinse, agus aird á tabhairt, inter alia, ar mhódúlachtaí institiúideacha an chiste speisialta agus ar an bhfaisnéis arna soláthar tríd an gcoiste um fhothú acmhainneachta agus um theicneolaíocht mhuirí a aistriú.

12. Beidh incháilitheacht le haghaidh rochtain ar mhaoiniú faoin gComhaontú seo ar oscailt do Pháirtithe is Stáit i mbéal forbartha ar bhonn riachtanais. Déanfar cistiú faoin gciste speisialta a dháileadh de réir critéir a bhaineann le comhroinnt chothromasach, agus na riachtanais le haghaidh cúnamh ó Pháirtithe a bhfuil riachtanais speisialta acu á gcur san áireamh, go háirithe na tíortha is lú forbairt, tíortha talamhiata i mbéal forbartha, Stáit faoi mhíbhuntáiste geografach, Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha agus Stáit chósta de chuid na hAfraice, Stáit oileánracha agus tíortha meánioncaim i mbéal forbartha, agus imthosca speisialta na Stát beag oileánach i mbéal forbartha agus na dtíortha is lú forbairt á gcur san áireamh. Beidh sé d’aidhm ag an gciste speisialta rochtain éifeachtúil ar chistiú a áirithiú trí nósanna imeachta simplithe maidir le cur i bhfeidhm agus formheas agus ullmhacht fheabhsaithe tacaíochta do na Páirtithe sin is Stáit i mbéal forbartha.

PUBLIC

13. I bhfianaise na srianta acmhainneachta, spreagfaidh Páirtithe eagraíochtaí idirnáisiúnta le cóir fhabhrach a dheonú do Pháirtithe is Stáit i mbéal forbartha agus lena riachtanais shonracha agus a riachtanais speisialta a chur san áireamh, go háirithe na tíortha is lú forbairt, tíortha talamhiata i mbéal forbartha agus Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, agus imthosca speisialta na Stát oileánach beag i mbéal forbartha agus na dtíortha is lú forbairt á gcur san áireamh, maidir le cistí iomchuí agus cúnamh teicniúil iomchuí a leithdháileadh agus a seirbhísí speisialaithe a úsáid chun an bhithéagsúlacht mhuirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe.

14. Bunóidh Comhdháil na bPáirtithe coiste airgeadais um acmhainní airgeadais. Beidh sé comhdhéanta de chomhaltaí a bhfuil na cáilíochtaí agus an saineolas iomchuí acu, agus cothromaíocht inscne agus dáileadh geografach cothromasach á gcur san áireamh. Is í Comhdháil na bPáirtithe a chinnfidh na téarmaí tagartha agus na módúlachtaí le haghaidh oibriú an choiste. Tuairisceoidh an coiste go tréimhsiúil agus déanfaidh sé moltaí maidir le cistí a shainaithint agus a shlógadh faoin sásra. Ina theannta sin baileoidh sé faisnéis agus tabharfaidh sé tuarascáil ar chistiú faoi shásraí agus ionstraimí eile a rannchuidíonn go díreach nó go hindíreach le cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach. I dteannta na mbreithnithe dá bhforáiltear san airteagal seo, breithneoidh an coiste, inter alia, an méid seo a leanas:

(a) Measúnú ar riachtanais na bPáirtithe, go háirithe Páirtithe is Stáit i mbéal forbartha;

(b) Infhaighteacht agus eisíocaíocht thráthúil cistí;

(c) Trédhearcacht na bpróiseas cinnteoireachta agus bainistíochta maidir le tiomsú airgid agus leithdháiltí;

(d) Cuntasacht na bPáirtithe is Stáit i mbéal forbartha is faighteoirí maidir le húsáid chomhaontaithe cistí.

15. Breithneoidh Comhdháil na bPáirtithe tuarascálacha agus moltaí an choiste airgeadais agus déanfaidh sí gníomhaíocht iomchuí.

16. Ina theannta sin, déanfaidh Comhdháil na bPáirtithe athbhreithniú tréimhsiúil ar an sásra airgeadais chun measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht, éifeachtacht agus inrochtaineacht acmhainní airgeadais, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le fothú acmhainneachta a sholáthar agus teicneolaíocht mhuirí a aistriú, go háirithe i gcás Páirtithe is Stáit i mbéal forbartha.

# CUID VIII
# CUR CHUN FEIDHME AGUS COMHLÍONTACHT

## Airteagal 53
## Cur chun feidhme

Déanfaidh na Páirtithe na bearta reachtacha, riaracháin nó beartais is gá, de réir mar is iomchuí, chun cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a áirithiú.

PUBLIC

### Airteagal 54
### Faireachán ar chur chun feidhme

Déanfaidh gach Páirtí faireachán ar chur chun feidhme a oibleagáidí faoin gComhaontú seo agus tuairisceoidh sé, i bhformáid agus ag eatraimh a chinnfidh Comhdháil na bPáirtithe, don Chomhdháil maidir leis na bearta atá déanta aige chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme.

### Airteagal 55
### An Coiste Cur Chun Feidhme agus Comhlíontachta

1. Bunaítear leis seo Coiste Cur Chun Feidhme agus Comhlíontachta chun cur chun feidhme fhorálacha an Chomhaontaithe seo a éascú agus a bhreithniú agus chun comhlíonadh na bhforálacha sin a chur chun cinn. Beidh an Coiste Cur Chun Feidhme agus Comhlíontachta éascaitheach ó thaobh cineáil agus feidhme de ar bhealach atá trédhearcach, neamhshárálach agus neamhphionósach.

2. Beidh an Coiste Cur Chun Feidhme agus Comhlíontachta comhdhéanta de chomhaltaí ag a bhfuil cáilíochtaí agus taithí iomchuí arna n-ainmniú ag Páirtithe agus arna dtoghadh ag Comhdháil na bPáirtithe, agus aird chuí á tabhairt ar chothromaíocht inscne agus ionadaíocht chothromasach gheografach.

3. Oibreoidh an Coiste Cur Chun Feidhme agus Comhlíontachta faoi na módúlachtaí agus na rialacha nós imeachta arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe ag a céad chruinniú. Déanfaidh an Coiste Cur Chun Feidhme agus Comhlíontachta saincheisteanna maidir le cur chun feidhme agus comhlíonadh ar an leibhéal aonair agus ar an leibhéal sistéamach a bhreithniú, inter alia, agus déanfaidh sé tuairisciú go tréimhsiúil agus déanfaidh sé moltaí, de réir mar is iomchuí agus aird á tabhairt ar na himthosca náisiúnta sonracha, a chur faoi bhráid Chomhdháil na bPáirtithe.

4. Le linn a chuid oibre, féadfaidh an Coiste Cur Chun Feidhme agus Comhlíontachta leas a bhaint as faisnéis iomchuí ó chomhlachtaí arna mbunú faoin gComhaontú seo, chomh maith le hionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála, de réir mar is gá.

## CUID IX
## RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ

### Airteagal 56
### Cosc díospóidí

Comhoibreoidh na Páirtithe chun díospóidí a chosc.

### Airteagal 57
### Oibleagáid díospóidí a réiteach go síochánta

Tá sé d’oibleagáid ar Pháirtithe a ndíospóidí maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a réiteach trí chaibidlíocht, fiosrúchán, idirghabháil, idir-réiteach, eadráin, socraíocht bhreithiúnach, dul i muinín gníomhaireachtaí nó socruithe réigiúnacha, nó modhanna síochánta eile dá rogha féin.

PUBLIC

## Airteagal 58
## Díospóidí a shocrú trí aon mhodh síochánta a roghnóidh na Páirtithe

Ní chuireann aon ní sa Chuid seo isteach ar cheart aon Pháirtí sa Chomhaontú seo comhaontú tráth ar bith díospóid a réiteach eatarthu maidir le léiriú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo trí aon mhodh síochánta dá rogha féin.

## Airteagal 59
## Díospóidí de chineál teicniúil

I gcás ina mbaineann díospóid le hábhar de chineál teicniúil, féadfaidh na Páirtithe lena mbaineann an díospóid a tharchur chuig painéal saineolaithe ad hoc arna bhunú acu. Rachaidh an painéal i gcomhairle leis na Páirtithe lena mbaineann agus féachfaidh sé leis an díospóid a réiteach go gasta gan dul ar iontaoibh nósanna imeachta ceangailteacha chun díospóidí a réiteach faoi airteagal 60 den Chomhaontú seo.

## Airteagal 60
## Nósanna imeachta um réiteach díospóidí

1. Déanfar díospóidí maidir le léiriú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a shocrú de réir na bhforálacha chun díospóidí a réiteach dá bhforáiltear i gCuid XV den Choinbhinsiún.

2. Measfar forálacha Chuid XV den Choinbhinsiún agus Iarscríbhinní V, VI, VII agus VIII a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a bheith macasamhlaithe chun díospóidí a réiteach lena mbaineann Páirtí sa Chomhaontú seo nach Páirtí sa Choinbhinsiún é.

3. Aon nós imeachta lena nglacfaidh Páirtí sa Chomhaontú seo ar Páirtí sa Choinbhinsiún é freisin de bhun airteagal 287 den Choinbhinsiún, beidh feidhm aige maidir le díospóidí a réiteach faoin gCuid seo, mura rud é go mbeidh glactha ag an bPáirtí sin, le linn dó an Comhaontú seo a shíniú, a dhaingniú nó a fhormheas nó glacadh leis nó aontú dó, nó tráth ar bith ina dhiaidh sin, le nós imeachta eile de bhun airteagal 287 den Choinbhinsiún chun díospóidí faoin gCuid seo a réiteach.

4. Aon dearbhú a dhéanfaidh Páirtí sa Chomhaontú seo ar Páirtí sa Choinbhinsiún é freisin de bhun airteagal 298 den Choinbhinsiún, beidh feidhm aige maidir le díospóidí a réiteach faoin gCuid seo, mura rud é go ndearna an Páirtí sin, le linn dó an Comhaontú seo a shíniú, a dhaingniú nó a fhormheas nó glacadh leis nó aontú dó, nó tráth ar bith ina dhiaidh sin, dearbhú difriúil de bhun airteagal 298 den Choinbhinsiún chun díospóidí faoin gCuid seo a réiteach.

5. De bhun mhír 2 thuas, aon Pháirtí sa Chomhaontú seo nach Páirtí sa Choinbhinsiún é, nuair a bheidh an Comhaontú seo á shíniú, á dhaingniú nó á fhormheas aige nó nuair a bheidh sé ag glacadh leis nó ag aontú dó, nó tráth ar bith ina dhiaidh sin, beidh sé saor ceann amháin nó níos mó de na modhanna seo a leanas a roghnú, trí bhíthin dearbhú i scríbhinn, chun díospóidí a bhaineann le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a réiteach:

(a) An Binse Idirnáisiúnta um Dhlí na Mara;

(b) An Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta;

(c) Binse eadrána de chuid Iarscríbhinn VII;

(d) Binse eadrána speisialta de chuid Iarscríbhinn VIII le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na haicmí díospóidí a shonraítear san Iarscríbhinn sin.

6. Maidir le Páirtí sa Chomhaontú seo nach Páirtí sa Choinbhinsiún é agus nár eisigh dearbhú, measfar gur ghlac sé leis an rogha i mír 5 (c) thuas. Más rud é gur ghlac na páirtithe i ndíospóid leis an nós imeachta céanna chun an díospóid a réiteach, ní fhéadfar í a chur faoi bhráid aon nós imeachta ach an nós imeachta sin amháin mura gcomhaontóidh na páirtithe a mhalairt. Más rud é nár ghlac na páirtithe i ndíospóid leis an nós imeachta céanna chun an díospóid a réiteach, ní fhéadfar í a chur chun eadrána ach faoi Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, mura gcomhaontóidh na páirtithe a mhalairt. Beidh feidhm ag Airteagal 287, míreanna 6 go 8, den Choinbhinsiún maidir le dearbhuithe a dhéanfar faoi mhír 5 thuas.

7. Féadfaidh Páirtí sa Chomhaontú seo nach Páirtí sa Choinbhinsiún é, le linn dó an Comhaontú seo a shíniú, a dhaingniú nó a fhormheas nó glacadh leis nó aontú dó, nó tráth ar bith ina dhiaidh sin, gan dochar do na hoibleagáidí a eascraíonn as an gCuid seo, a dhearbhú i scríbhinn nach nglacann sé le haon cheann nó níos mó de na nósanna imeachta dá bhforáiltear i gCuid XV, roinn 2, den Choinbhinsiún maidir le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí díospóide a leagtar amach in airteagal 298 den Choinbhinsiún chun díospóidí faoin gCuid seo a réiteach. Beidh feidhm ag Airteagal 298 den Choinbhinsiún maidir le dearbhú den sórt sin.

8. Beidh forálacha an airteagail seo gan dochar do na nósanna imeachta um réiteach díospóidí a chomhaontaigh Páirtithe agus iad ina rannpháirtithe in ionstraim ábhartha dlí nó i gcreat ábhartha dlíthiúil, nó ina gcomhaltaí de chomhlacht ábhartha domhanda, réigiúnach, foréigiúnach nó earnála maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm na n-ionstraimí agus na gcreataí sin.

9. Ní léireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a thugann dlínse do chúirt nó do bhinse maidir le haon díospóid a bhaineann le breithniú comhthráthach a dhéanamh ar stádas dlíthiúil limistéir mar limistéar atá laistigh den dlínse náisiúnta, nó ar gá go mbainfeadh sé le breithniú den sórt sin, ná maidir le haon díospóid a bhaineann le ceannasacht nó cearta eile i dtaobh críoch thalún ilchríochach nó oileánach nó le héileamh uirthi de chuid Páirtí sa Chomhaontú seo, ar choinníoll nach léireofar aon ní sa mhír seo mar ní a chuireann teorainn le dlínse chúirte nó bhinse faoi Chuid XV, roinn 2, den Choinbhinsiún.

10. Chun amhras a sheachaint, ní bhraithfear ar aon ní sa Chomhaontú seo mar bhonn le haon éileamh ar cheannasacht, ar chearta ceannasacha nó ar dhlínse ar limistéir thalún nó mhuirí a dhearbhú ná a dhiúltú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i leith aon díospóid a bhaineann leis sin.

## Airteagal 61
## Socruithe sealadacha

Go dtí go socrófar díospóid i gcomhréir leis an gCuid seo, déanfaidh na páirtithe sa díospóid gach iarracht socruithe sealadacha de chineál praiticiúil a dhéanamh.

PUBLIC

# CUID X
# NEAMHPHÁIRTITHE SA CHOMHAONTÚ SEO

## Airteagal 62
## Neamhpháirtithe sa Chomhaontú seo

Spreagfaidh Páirtithe neamhpháirtithe sa Chomhaontú seo le bheith ina bPáirtithe ann agus dlíthe agus rialacháin a ghlacadh i gcomhréir lena fhorálacha.

# CUID XI
# MEON MACÁNTA AGUS MÍ-ÚSÁID CEART

## Airteagal 63
## Meon macánta agus mí-úsáid ceart

Comhlíonfaidh Páirtithe de mheon macánta na hoibleagáidí a ghlacfar faoin gComhaontú seo agus feidhmeoidh siad na cearta a aithnítear ann ar bhealach nárbh ionann é agus mí-úsáid cirt.

# CUID XII
# FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

## Airteagal 64
## An ceart vótála

1. Beidh vóta amháin ag gach Páirtí sa Chomhaontú seo, ach amháin mar a fhoráiltear i mír 2 thíos.

2. Déanfaidh eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta is Páirtí sa Chomhaontú seo, maidir le hábhair a thagann faoina hinniúlacht, a ceart vótála a fheidhmiú le líon vótaí a bheidh comhionann le líon a Ballstát atá ina bPáirtithe sa Chomhaontú seo. Ní dhéanfaidh eagraíocht mar sin a ceart vótála a fheidhmiú má fheidhmíonn aon cheann dá cuid Ballstát a cheart vótála a fheidhmiú, agus *vice versa*.

## Airteagal 65
## Síniú

Beidh an Comhaontú seo ar oscailt lena shíniú ag gach Stát agus ag gach eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta ón [cuir isteach an dáta] agus fanfaidh sé ar oscailt lena shíniú i gCeanncheathrú na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac go dtí an [cuir isteach an dáta].

## Airteagal 66
## Daingniú, formheas, glacadh agus aontachas

Beidh an Comhaontú seo faoi réir a dhaingnithe, a fhormheasa nó a ghlactha ag Stáit agus ag eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíochta. Beidh sé ar oscailt le haghaidh aontachais ag Stáit agus ag eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíochta ón lá tar éis an dáta a dhúnfar an Comhaontú lena shíniú. Déanfar ionstraimí daingniúcháin, formheasa, glactha agus aontachais a thaisceadh le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe.

## Airteagal 67
## Inniúlacht na n-eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíochta agus a mBallstát a roinnt i leith na n-ábhar a rialaítear leis an gComhaontú seo

1. Aon eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta a bheidh ina Páirtí sa Chomhaontú seo gan aon cheann dá Ballstáit a bheith ina Pháirtí, beidh sí faoi cheangal ag na hoibleagáidí uile faoin gComhaontú seo. I gcás eagraíochtaí den sórt sin, ar Páirtí sa Chomhaontú seo ceann amháin nó níos mó dá mBallstáit, déanfaidh an eagraíocht agus a Ballstáit cinneadh maidir lena bhfreagrachtaí féin maidir lena n-oibleagáidí faoin gComhaontú seo a chomhlíonadh. I gcásanna den sórt sin, ní bheidh an eagraíocht ná na Ballstáit i dteideal cearta faoin gComhaontú seo a fheidhmiú i gcomhthráth.

2. Ina hionstraim dhaingniúcháin, formheasa, ghlactha nó aontachais, dearbhóidh eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta méid a hinniúlachta i leith na n-ábhar atá faoi rialú ag an gComhaontú seo. Cuirfidh aon eagraíocht den sórt sin an taiscí ar an eolas freisin, agus cuirfidh an taiscí na Páirtithe ar an eolas ina dhiaidh sin faoi aon mhodhnú ábhartha ar mhéid a hinniúlachta.

## Airteagal 68
## Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm 120 lá tar éis an dáta a thaiscfear an 60ú hionstraim dhaingniúcháin, ghlactha, formheasa nó aontachais.

2. I gcás gach Stáit nó eagraíochta réigiúnaí um chomhtháthú eacnamaíochta a dhaingneoidh nó a fhormheasfaidh an Comhaontú seo nó a ghlacfaidh leis nó a aontóidh dó tar éis an 60ú hionstraim dhaingniúcháin, formheasa, ghlactha nó aontachais a thaisceadh, tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an 30ú lá tar éis a ionstraim dhaingniúcháin, formheasa, ghlactha nó aontachais a thaisceadh, faoi réir mhír 1 thuas.

3. Chun críocha mhíreanna 1 agus 2 thuas, ní dhéanfar aon ionstraim arna taisceadh ag eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta a áireamh mar bhreis ar na hionstraimí sin a thaisceann Ballstáit na heagraíochta sin.

## Airteagal 69
## Cur i bhfeidhm sealadach

1. Féadfaidh Stát nó eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta a thoilíonn lena chur i bhfeidhm sealadach an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm go sealadach tríd an toiliú sin a chur in iúl i scríbhinn don taiscí tráth a shíneofar é nó

PUBLIC

tráth a thaiscfear a ionstraim dhaingniúcháin, formheasa, ghlactha nó aontachais. Gabhfaidh éifeacht leis an iarratas sealadach sin ón dáta a gheobhaidh an taiscí an fógra.

2. Foirceannfar cur i bhfeidhm sealadach ag Stát nó eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo i gcás an Stáit sin nó na heagraíochta réigiúnaí sin um chomhtháthú eacnamaíochta nó ar fhógra a bheith tugtha don taiscí i scríbhinn ag an Stát sin nó ag an eagraíocht réigiúnach sin um chomhtháthú eacnamaíochta go bhfuil sé ar intinn aige nó aici a chur i bhfeidhm sealadach a fhoirceannadh.

PUBLIC

## Airteagal 70
## Forchoimeádas agus eisceachtaí

Ní fhéadfar aon fhorchoimeádas ná eisceacht a dhéanamh maidir leis an gComhaontú seo, mura gceadaítear sin go sainráite le hairteagail eile den Chomhaontú seo.

## Airteagal 71
## Dearbhuithe agus ráitis

Ní choisceann Airteagal 70 ar Stát nó eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta, agus é nó í ag síniú, ag daingniú nó ag formheas an Chomhaontaithe seo nó ag glacadh leis nó ag aontú dó, dearbhuithe nó ráitis a dhéanamh, cibé friotal a úsáidtear nó cibé ainm a thugtar orthu, d’fhonn, inter alia, a dhlíthe agus a rialacháin a chomhchuibhiú le forálacha an Chomhaontaithe seo, ar choinníoll nach n-airbheartaíonn na dearbhuithe nó na ráitis sin éifeacht dhlíthiúil fhorálacha an Chomhaontaithe seo a eisiamh ná a mhodhnú maidir lena bhfeidhmiú maidir leis an Stát sin nó leis an eagraíocht réigiúnach sin um chomhtháthú eacnamaíochta.

## Airteagal 72
## Leasú

1. Féadfaidh Páirtí, trí chumarsáid i scríbhinn a sheolfar chuig an rúnaíocht, leasuithe ar an gComhaontú seo a mholadh. Scaipfidh an rúnaíocht cumarsáid den sórt sin ar na Páirtithe uile. Más rud é, laistigh de 6 mhí ó dháta scaipthe na teachtaireachta, go dtabharfaidh leath de na Páirtithe ar a laghad freagra fabhrach ar an iarraidh, breithneofar an leasú atá beartaithe ag an gcéad chruinniú eile de Chomhdháil na bPáirtithe.

2. Cuirfidh an taiscí leasú ar an gComhaontú seo arna ghlacadh i gcomhréir le hairteagal 47 in iúl do gach Páirtí lena dhaingniú nó lena fhormheas nó chun glacadh leis.

3. Tiocfaidh leasuithe ar an gComhaontú seo i bhfeidhm do na Páirtithe a dhaingneoidh iad, a fhormheasfaidh iad nó a ghlacfaidh leo an 30ú lá tar éis do dhá thrian de líon na bPáirtithe sa Chomhaontú seo ionstraimí daingniúcháin, formheasa nó glactha a thaisceadh tráth glactha an leasaithe. Ina dhiaidh sin, i gcás gach Páirtí a thaiscfidh a ionstraim dhaingniúcháin, formheasa nó ghlactha i leith leasú tar éis líon riachtanach na n-ionstraimí sin a thaisceadh, tiocfaidh an leasú i bhfeidhm an 30ú lá tar éis a ionstraim dhaingniúcháin, formheasa nó ghlactha a thaisceadh.

4. Féadfar a fhoráil le leasú, tráth a ghlactha, go mbeidh gá le líon níos lú daingniúchán, formheasa nó glactha chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm ná mar a cheanglaítear faoin airteagal seo.

5. Chun críocha mhíreanna 3 agus 4 thuas, ní dhéanfar aon ionstraim arna taisceadh ag eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta a áireamh mar bhreis ar na hionstraimí sin a thaisceann Ballstáit na heagraíochta sin.

6. Stát nó eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta a bheidh ina Pháirtí nó ina Páirtí sa Chomhaontú seo tar éis do leasuithe a theacht i bhfeidhm i gcomhréir le mír 3 thuas, mura gcuirfidh an Stát sin nó an eagraíocht réigiúnach sin um chomhtháthú eacnamaíochta intinn eile in iúl, déanfar é nó í a mheas mar a leanas:

(a) Mar Pháirtí sa Chomhaontú seo arna leasú amhlaidh;

(b) Mar Pháirtí sa Chomhaontú gan leasú i ndáil le haon Pháirtí nach bhfuil faoi cheangal ag an leasú.

## Airteagal 73
## Séanadh

1. Féadfaidh Páirtí, trí fhógra i scríbhinn a dhíreofar ar Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, an Comhaontú seo a shéanadh agus na cúiseanna atá aige a chur in iúl. Ní dhéanfaidh mainneachtain sna cúiseanna a shonrú difear do bhailíocht an tséanta. Gabhfaidh éifeacht leis an séanadh bliain amháin tar éis an dáta a gheofar an fógra, mura sonraítear dáta is déanaí san fhógra.

2. Ní dhéanfaidh an séanadh difear ar dhóigh ar bith do dhualgas aon Pháirtí aon oibleagáid a chomhlíonadh atá sa Chomhaontú seo agus a mbeadh sé faoina réir faoin dlí idirnáisiúnta go neamhspleách ar an gComhaontú seo.

## Airteagal 74
## Iarscríbhinní

1. Beidh na hiarscríbhinní ina ndlúthchuid den Chomhaontú seo agus, mura bhforáiltear a mhalairt go sainráite, folaíonn tagairt don Chomhaontú seo nó do cheann dá chodanna tagairt do na hiarscríbhinní a ghabhann leis.

2. Forálacha airteagal 72 a bhaineann leis an gComhaontú seo a leasú, beidh feidhm acu freisin maidir le hiarscríbhinn nua a ghabhann leis an gComhaontú a mholadh, a ghlacadh agus a theacht i bhfeidhm.

3. Féadfaidh aon Pháirtí leasú ar aon iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo a mholadh lena bhreithniú ag an gcéad chruinniú eile de Chomhdháil na bPáirtithe. Féadfaidh Comhdháil na bPáirtithe na hiarscríbhinní a leasú. D’ainneoin fhorálacha airteagal 72, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le leasuithe ar iarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú seo:

(a) Cuirfear téacs an leasaithe atá beartaithe in iúl don rúnaíocht 150 lá ar a laghad roimh an gcruinniú. Déanfaidh an rúnaíocht, tar éis di téacs an leasaithe atá beartaithe a fháil, é a chur in iúl do na Páirtithe. Rachaidh an rúnaíocht i gcomhairle le fochomhlachtaí ábhartha, de réir mar is gá, agus cuirfidh sí aon fhreagra in iúl do na Páirtithe uile tráth nach déanaí ná 30 lá roimh an gcruinniú;

(b) Tiocfaidh leasuithe a ghlacfar ag cruinniú i bhfeidhm 180 lá tar éis dheireadh an chruinnithe sin i gcomhair na bPáirtithe uile, cé is moite do na Páirtithe a dhéanfaidh agóid i gcomhréir le mír 4 thíos.

4. Le linn na tréimhse 180 lá dá bhforáiltear i mír 3 (b) thuas, féadfaidh aon Pháirtí, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don taiscí, agóid a dhéanamh maidir leis an leasú. Féadfar an agóid sin a tharraingt siar tráth ar bith trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don taiscí agus, air sin, tiocfaidh an leasú ar an iarscríbhinn i bhfeidhm maidir leis an bPáirtí sin an 30ú lá tar éis dháta tarraingthe siar na hagóide.

## Airteagal 75
## Taiscí

Is é Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe taiscí an Chomhaontaithe seo agus aon leasú nó athbhreithniú air.

## Airteagal 76
## Téacsanna barántúla

Tá comhúdarás ag téacsanna Araibise, Sínise, Béarla, Fraincise, Rúisise agus Spáinnise an Chomhaontaithe seo.

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN I

## Critéir tháscacha chun limistéir a shainaithint

PUBLIC

(a) Uathúlacht;

(b) Annamhacht;

(c) Tábhacht ar leith maidir leis na céimeanna stairiúla i saol na speiceas;

(d) Tábhacht ar leith an speicis a fhaightear ann;

(e) A thábhachtaí atá sé i gcomhair speicis nó gnáthóga atá faoi bhagairt, i mbaol nó ag meath;

(f) Soghontacht, lena n-áirítear leochaileacht i leith an athraithe aeráide agus aigéadú na n-aigéan;

(g) Leochaileacht;

(h) Íogaireacht;

(i) An bhithéagsúlacht agus an táirgeadh bitheolaíoch;

(j) Ionadaíochas;

(k) Spleáchas;

(l) Nádúrthacht;

(m) Nascacht éiceolaíoch;

(n) Próisis éiceolaíocha thábhachtacha a tharlaíonn ann;

(o) Tosca eacnamaíocha agus sóisialta;

(p) Tosca cultúrtha;

(q) Tionchair charnacha agus thrasteorann;

(r) Téarnamh mall agus athléimneacht;

(s) Leordhóthanacht agus inmharthanacht;

(t) Macasamhlú;

(u) Inbhuanaitheacht atáirgthe;

(v) Bearta caomhnaithe agus bainistithe a bheith ann.

# IARSCRÍBHINN II

## Cineálacha fothaithe acmhainneachta agus aistrithe teicneolaíochta muirí

PUBLIC

Faoin gComhaontú seo, féadfar an méid seo a leanas a áireamh ar thionscnaimh fothaithe acmhainneachta agus aistrithe teicneolaíochta muirí, ach gan bheith teoranta dó:

(a) Sonraí, faisnéis, eolas agus taighde ábhartha a chomhroinnt i bhformáidí atá áisiúil don úsáideoir, lena n-áirítear:

(i) Eolas eolaíoch agus teicneolaíoch muirí a chomhroinnt;

(ii) Malartú faisnéise maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta;

(iii) Comhroinnt torthaí taighde agus forbartha;

(b) Scaipeadh faisnéise agus múscailt feasachta, lena n-áirítear é sin a dhéanamh maidir leis an méid seo a leanas:

(i) Taighde eolaíoch muirí, eolaíochtaí muirí agus oibríochtaí agus seirbhísí gaolmhara muirí;

(ii) Faisnéis chomhshaoil agus bhitheolaíoch arna bailiú trí thaighde a dhéantar i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta;

(iii) Eolas traidisiúnta ábhartha i gcomhréir le toiliú saor, roimh ré agus feasach shealbhóirí an eolais sin;

(iv) Strusairí san aigéan a dhéanann difear don bhithéagsúlacht mhuirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, lena n-áirítear éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide, amhail téamh agus dí-ocsaiginiú na aigéan, chomh maith le haigéadú na n-aigéan;

(v) Bearta amhail uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint;

(vi) Measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol;

(c) Bonneagar ábhartha a fhorbairt agus a neartú, lena n-áirítear trealamh, amhail:

(i) An bonneagar is gá a fhorbairt agus a bhunú;

(ii) Soláthar teicneolaíochta, lena n-áirítear trealamh samplála agus modheolaíochta (e.g., le haghaidh samplaí uisce, geolaíocha, bitheolaíocha nó ceimiceacha);

(iii) Fáil an trealaimh is gá chun tacú le hacmhainneachtaí taighde agus forbartha agus iad a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i mbainistiú sonraí, i gcomhthéacs gníomhaíochtaí i ndáil le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, bearta amhail uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, agus measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh;

(d) Cumas institiúideach agus creataí nó sásraí rialála náisiúnta a fhorbairt agus a neartú, lena n-áirítear:

(i) Creataí agus sásraí rialachais, beartais agus dlíthiúla;

(ii) Cúnamh chun bearta náisiúnta reachtacha, riaracháin nó beartais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear ceanglais ghaolmhara rialála, eolaíocha agus theicniúla ar an leibhéal náisiúnta, foréigiúnach nó réigiúnach;

(iii) Tacaíocht theicniúil chun forálacha an Chomhaontaithe seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear é sin a dhéanamh maidir le faireachán agus tuairisciú sonraí;

(iv) An cumas faisnéis agus sonraí a aistriú ina mbeartais éifeachtacha agus éifeachtúla, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí rochtain ar an eolas is gá agus fáil an eolais sin a éascú chun eolas a thabhairt do chinnteoirí i bPáirtithe is Stáit i mbéal forbartha;

(v) Cumais institiúideacha eagraíochtaí agus institiúidí ábhartha náisiúnta agus réigiúnacha a bhunú nó a neartú;

(vi) Lárionaid eolaíocha náisiúnta agus réigiúnacha a bhunú, lena n-áirítear a mbunú mar stórtha sonraí;

(vii) Ionaid barr feabhais réigiúnacha a fhorbairt;

(viii) Ionaid forbartha scileanna réigiúnacha a fhorbairt;

(ix) Cur le naisc chomhoibríocha idir institiúidí réigiúnacha, mar shampla, comhoibriú Thuaidh-Theas agus Theas-Theas agus comhoibriú i measc eagraíochtaí réigiúnacha farraigí agus eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh;

(e) Cumais acmhainní daonna agus cumais acmhainní bainistithe airgeadais agus saineolas teicniúil a fhorbairt agus a neartú trí mhalartuithe, comhoibriú taighde, tacaíocht theicniúil, oideachas agus oiliúint agus aistriú teicneolaíochta muirí, amhail:

(i) Comhoibriú agus comhar san eolaíocht mhuirí, lena n-áirítear comhoibriú agus comhar trí shonraí a bhailiú, trí mhalartú teicniúil, trí thionscadail agus cláir taighde eolaíoch, agus trí chomhthionscadail taighde eolaíoch a fhorbairt i gcomhar le hinstitiúidí i Stáit i mbéal forbartha;

(ii) Oideachas agus oiliúint sna nithe seo a leanas:

a. Na heolaíochtaí nádúrtha agus sóisialta, idir bhunúsach agus fheidhmeach, chun acmhainneacht eolaíoch agus taighde a fhorbairt;

b. An teicneolaíocht, agus cur i bhfeidhm na heolaíochta agus na teicneolaíochta muirí, chun acmhainneachtaí eolaíocha agus taighde a fhorbairt;

c. Beartas agus rialachas;

d. Ábharthacht agus cur i bhfeidhm an eolais thraidisiúnta;

(iii) Malartú saineolaithe, lena n-áirítear saineolaithe ar eolas traidisiúnta;

(iv) Cistiú a chur ar fáil chun acmhainní daonna agus saineolas teicniúil a fhorbairt, lena n-áirítear é sin a dhéanamh tríd an méid seo a leanas:

a. Scoláireachtaí nó deontais eile a chur ar fáil d'ionadaithe ó Pháirtithe is Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha i gceardlanna, cláir oiliúna nó cláir ábhartha eile chun n-acmhainneachtaí sonracha a fhorbairt;

b. Saineolas agus acmhainní airgeadais agus teicniúla a sholáthar, go háirithe do Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, maidir le measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol;

(v) Sásra líonraithe a bhunú i measc acmhainní daonna oilte;



PUBLIC

(f) Lámhleabhair, treoirlínte agus caighdeáin a fhorbairt agus a chomhroinnt, lena n-áirítear:

(i) Critéir agus ábhair thagartha;

(ii) Caighdeáin agus rialacha teicneolaíochta;

(iii) Stór do lámhleabhair agus faisnéis ábhartha chun eolas agus acmhainneacht a chomhroinnt maidir le conas measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh, ceachtanna a foghlaimíodh agus dea-chleachtais;

(g) Cláir theicniúla, eolaíocha agus thaighde agus forbartha a fhorbairt, lena n-áirítear gníomhaíochtaí taighde bith-theicneolaíocha.

PUBLIC

# Iarscríbhinn 2

## Dréacht-Dearbhú Inniúlachta an Aontais Eorpaigh a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 67(2) de Chomhaontú BBNJ

PUBLIC

Tá na Stáit seo a leanas ina mBallstáit den Aontas Eorpach faoi láthair: Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, Éire, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

I gcomhréir le hAirteagal 67(2) de Chomhaontú BBNJ, cuireann an tAontas Eorpach an Dearbhú Inniúlachta seo a leanas isteach lena sonraítear méid a inniúlachta maidir le hábhair a rialaítear le Comhaontú BBNJ.

I gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 191 agus Airteagal 192(1) de, dearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé inniúil dul i mbun comhaontuithe idirnáisiúnta, agus na hoibleagáidí a bheidh mar thoradh orthu sin a chur chun feidhme, rud a chuideoidh le saothrú na n-oibleagáidí seo a leanas:

– cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú;
– sláinte an duine a chosaint;
– acmhainní nádúrtha a úsáid go stuama réasúnach;
– bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun dul i ngleic le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó fadhbanna comhshaoil ar fud an domhain, agus go háirithe leis an athrú aeráide a chomhrac.

Thairis sin, dearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil inniúlachtaí aige sna réimsí seo a leanas:

– acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú faoin gcomhbheartas iascaigh;
– taighde.

Ar an mbonn sin, tá inniúlacht ag an Aontas, dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann le hiomlán Chomhaontú BBNJ.

Tabharfaidh an tAontas Eorpach fógra go cuí faoi aon mhodhnú substaintiúil ar mhéid a inniúlachta, i gcomhréir le hAirteagal 67(2) de Chomhaontú BBNJ.

# Iarscríbhinn 3

**Dréacht-Eisceacht ón Aontas Eorpach faoi Airteagal 70 i gcomhar le hAirteagal 10(1) den Chomhaontú atá ann faoi láthair maidir le neamh-chúlghabhálacht**

Agus Airteagal 10(1) den Chomhaontú á chur chun feidhme ag an Aontas Eorpach faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, dearbhaíonn séaon éifeacht chúlghabhálach ar chur i bhfeidhm fhorálacha Chuid II a bhaineann le hAcmhainní Géiniteacha Muirí a eisiamh, lena n-áirítear na tairbhí a chomhroinnt go cóir agus go cothromasach.

PUBLIC